C/2024/6691

8.11.2024

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht i dtaca le gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht agus ailínithe leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú (an tríú Fógra ón gCoimisiún)

(C/2024/6691)

Leis an Rialachán maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú ('an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht') cruthaíodh córas aicmithe aontaithe de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (dá ngairtear 'gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht') agus forchuireadh oibleagáidí trédhearcachta ar ghnóthais neamhairgeadais agus airgeadais áirithe i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin ([1]).

1. COMHTHÉACS

I mí an Mheithimh 2021 ghlac an Coimisiún Gníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht Aeráide ('Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid') ([2]) chun an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chur chun feidhme i ndáil le gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena rannchuidítear go substaintiúil le cuspóirí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun oiriúnú don athrú aeráide. Leasaigh an Coimisiún an Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid i mí an Mhárta 2022 trí chritéir le haghaidh gníomhaíochtaí nua fuinnimh áirithe a chur leis ([3]). I mí an Mheithimh 2023, ghlac an Coimisiún Gníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht Chomhshaoil ('Gníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol') le haghaidh na gcuspóirí comhshaoil atá fágtha ([4]) agus leasaigh sé an Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid trí chritéir a chur leis le haghaidh gníomhaíochtaí nua in earnálacha na monaraíochta agus an iompair ([5]).

I mí Iúil 2021, ghlac an Coimisiún Gníomh Tarmligthe lena sonraítear na hoibleagáidí maidir le nochtadh atá ar ghnóthais faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin dá gcuid atá incháilithe don Tacsanomaíocht agus atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht ('an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh') ([6]). Leasaíodh an Gníomh Tarmligthe sin i mí an Mheithimh 2023 leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol chun a áirithiú go bhfuil na ceanglais maidir le nochtadh comhsheasmhach leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol.

([1]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a ndéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L 188, 15.7.2022, lch. 1).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L, 2023/2486, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2486/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2485 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 lena mbunaítear critéir scagtha theicniúla bhreise chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L, 2023/2485, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2485/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a nó 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

Tá ceithre shraith treoraíochta maidir le hábhar an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh foilsithe cheana féin ag an gCoimisiún, mar atá:

— doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin 'Ceisteanna Coitianta' maidir le *What is the EU Taxonomy Article 8 delegated act and how will it work in practice?* [Cad é an gníomh tarmligthe faoi Airteagal 8 de rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht, agus conas a oibreoidh sé sa chleachtas?] ([7]);

— doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin 'Ceisteanna Coitianta' maidir leis an gcaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais agus neamhairgeadais a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sócmhainní atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú i gcomhréir leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ([8]);

— fógra ón gCoimisiún maidir leis an léirmhíniú ar fhorálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i dtaca le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú ([9]);

— fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i dtaca leis an tuairisciú a dhéanfaidh gnóthais neamhairgeadais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht agus ailínithe leis an Tacsanomaíocht ([10]).

Thairis sin, chun cur chun feidhme Thacsanomaíocht an Aontais a éascú, ghlac an Coimisiún fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú dlíthiúil agus cur chun feidhme na bhforálacha lena gcumhdaítear na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht agus a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid (fógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid ([11])).

Thosaigh gnóthais neamhairgeadais ag tuairisciú a n-eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) Tacsanomaíochta ón 1 Eanáir 2023. Leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ceanglaítear ar ghnóthais airgeadais KPInna arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe a úsáid nuair a ríomhann siad a KPInna féin, lena n-áirítear an Cóimheas Sócmhainní Glasa ('GAR') ([12]). Ina theannta sin, leis an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI) ([13]) ceanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais KPInna arna nochtadh ag institiúidí infheistiúcháin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal feidhmíochta comhshaoil táirgí airgeadais ([14]).

Tosaíonn gnóthais airgeadais ag tuairisciú a KPInna ón 1 Eanáir 2024 ([15]). Ós rud é go mbraitheann ríomh KPInna na ngnóthas airgeadais, lena n-áirítear an cóimheas sócmhainní glaise (GAR)sa, ar shreabhadh na faisnéise agus na sonraí ó na contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais a mhaoiníonn siad, tá an Coimisiún ag dréim le feabhas a theacht ar stóinseacht agus cruinneas na KPInna sin de réir a chéile de réir mar a ghlacfaidh na gnóthais ábhartha Tacsanomaíocht AE agus de réir mar a bheidh sreabhadh méadaithe sonraí ó ghnóthais neamhairgeadais chuig gnóthais airgeadais.

Meastar go mbeidh leibhéal ailínithe le Tacsanomaíocht na neamhchosaintí lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sócmhainní arbh ann dóibh roimh Thacsanomaíocht an Aontais (i.e. stoc leagáide) níos ísle ná na leibhéil sin lena maoineofar gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sócmhainní amach anseo (i.e. an sreabhadh maoiniúcháin nua). Tá sé sin comhsheasmhach le cuspóir Thacsanomaíocht an Aontais maoiniú gníomhaíochtaí agus tionscadal nua atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a éascú.

([7]) https://finance.ec.europa.eu/system/files/2021-07/sustainable-finance-taxonomy-article-8-faq_en.pdf.

([8]) https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-01/sustainable-finance-taxonomy-article-8-report-eligible-activities-assets-faq_en.pdf.

([9]) Fógra ón gCoimisiún maidir leis an léirmhíniú ar fhorálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht AE i dtaca le gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha incháilithe a thuairisciú (2022/C 385/01) (IO C 385, 6.10.2022, lch. 1).

([10]) Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht i dtaca le gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht agus ailínithe leis an tacsanomaíocht a thuairisciú (an dara Fógra ón gCoimisiún) (IO C, C/2023/305, 20.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/305/oj).

([11]) Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Ghníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht Aeráide lena mbunaítear critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus nach ndéanann dochar suntasach do chuspóir comhshaoil eile (IO C, C/2023/267, 20.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/267/oj).

([12]) Luaitear forálacha ábhartha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh i bhfonótaí 35-38.

([13]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

([14]) Airteagail 8(2a) agus 9(4a) RNAI.

([15]) Airteagal 10(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Ina theannta sin, leis na rialacha maidir le nochtadh sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i gcás gnóthais airgeadais ní chumhdaítear na neamhchosaintí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 9 de, amhail neamhchosaintí ceannasacha áirithe, chomh maith le neamhchosaintí ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') neamhliostaithe, agus ar ghnóthais áirithe nach gnóthais de chuid an Aontais iad. Le hAirteagal 9 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar láimhseáil na neamhchosaintí sin ar bhonn measúnú tionchair, go háirithe i gcás FBManna, agus measúnú a dhéanamh ar an ualach riaracháin, ar an rochtain ar mhaoiniú agus ar thionchair eile a eascraíonn as aon leathnú féideartha ar na KPInna chun na neamhchosaintí sin a chumhdach.

I bhfianaise an chumhdaigh theoranta sin faoi na rialacha maidir le nochtadh atá ann faoi láthair, ní féidir an maoiniú uile a dhéanann gnóthais airgeadais ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a léiriú faoi láthair leis na KPInna. Mar sin féin, in éagmais sonraí leordhóthanacha agus fianaise leormhaith, moltar do ghnóthais airgeadais an méid seo a leanas a nochtadh ar bhonn deonach agus ar leithligh óna KPInna:

— aon mheastachán ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí a eisiatar faoi láthair óna gcuid KPInna (e.g. neamhchosaintí ar FBManna neamhliostaithe);

— aon mheastachán ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí a chumhdaítear leis na KPInna, ach i gcás gnóthais airgeadais nach bhfuil sonraí leordhóthanacha agus fianaise leormhaith acu a bhaineann go sonrach lena neamhchosaintí chun ailíniú leis an Tacsanomaíocht a chruthú, nó

— aon fhaisnéis i ndáil le páirtailíniú a neamhchosaintí le Tacsanomaíocht AE (i.e. i gcás nach gcomhlíontar ach critéir áirithe Thacsanomaíochta nó i gcás ina gcruthaítear nach gcomhlíontar ach critéir áirithe Tacsanomaíochta).

Cé go mbeartaítear le KPInna gnóthas airgeadais léiriú dílis a thabhairt ar a mhéid a mhaoiníonn gnóthas airgeadais gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ní fhorchuireann siad aon teorainn ar mhaoiniú aon earnáil ar leith, lena n-áirítear earnálacha straitéiseacha, ná ar mhaoiniú aon oibreoir eacnamaíoch sonrach, lena n-áirítear FBManna. Dá bhrí sin, ba cheart na hearnálacha agus na hoibreoirí sonracha sin a bheith á maoiniú i gcónaí freisin. Dá réir sin, ní mór KPInna gnóthas airgeadais, lena n-áirítear GAR a chur i gcomhthéacs níos leithne oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta gnóthas airgeadais ós rud é nach iad na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin amháin atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a bhíonn á maoiniú ag na gnóthais sin, ach na gníomhaíochtaí agus oibreoirí eacnamaíocha dleathacha uile.

2. CUSPÓIR AN FHÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Cé gur ar ghnóthais neamhairgeadais den chuid is mó a díríodh sna fógraí ón gCoimisiún agus sna doiciméid inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin go dtí seo, is é is cuspóir don Fhógra seo tuilleadh treorach maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme a sholáthar do ghnóthais airgeadais i bhfoirm freagraí ar Cheisteanna Coitianta (CC) maidir le tuairisciú a KPInna faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Eascraíonn na Ceisteanna Coitianta sin ó na páirtithe leasmhara atá faoi réir na gceanglas tuairiscithe, ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe agus ó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus Eorpacha. Tríd an bhFógra seo, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún comhlíonadh na gceanglas rialála ag na páirtithe leasmhara a éascú ar bhealach costéifeachtach agus inúsáidteacht agus inchomparáideacht na faisnéise tuairiscithe a áirithiú chun maoiniú inbhuanaithe a mhéadú. Féadfaidh an Coimisiún na Ceisteanna Coitianta sin a thabhairt cothrom le dáta i gcás inarb iomchuí.

Soiléiríonn na freagraí ar na Ceisteanna Coitianta a thugtar san Fhógra seo na rialacha atá ann cheana féin sa reachtaíocht is infheidhme. Ní leathnaítear na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht den sórt sin sna freagraí, ná ní thugtar isteach aon cheanglas breise le haghaidh na n-oibreoirí agus na n-údarás inniúil. Níor beartaíodh leis na freagraí ar na Ceisteanna Coitianta ach cuidiú a thabhairt do ghnóthais airgeadais na rialacha dlíthiúla ábhartha a chur chun feidhme. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach. Leis na tuairimí a léirítear san Fhógra seo, ní féidir réamhbhreith a dhéanamh ar an seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair an Aontais agus os comhair na gcúirteanna náisiúnta.

Gluais téarmaí ábhartha agus reachtaíochta is infheidhme

Téarma	Tagairt
An Treoir Chuntasaíochta	Treoir 2013/34/AE ([1])
CIM	Ciste infheistíochta malartach
Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh

Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh	Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
CapEx	Caiteachas caipitiúil
KPI CapEx	Eochairtháscaire feidhmíochta a bhaineann le caiteachas caipitiúil dá dtagraítear i Roinn 1.1.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
CPL	Contrapháirtí lárnach
Oiriúnú don athrú aeráide (CCA)	Oiriúnú don athrú aeráide (CCA) dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
Maolú ar an athrú aeráide (CCM)	Maolú ar an athrú aeráide (CCM) dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
Gníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún ([2])
Fógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid	Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Ghníomh Tarmligthe an Aontais Eorpaigh maidir le Tacsanomaíocht Aeráide ([3])
CRR	An Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil ([4])
CRD	An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil ([5])
CSD	Taisclann lárnach urrús
CSDR	Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús ([6])
CSRD	An Treoir maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach ([7])
An Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh (DDA)	Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún ([8])
DNSH	Gan dochar suntasach a dhéanamh
EMIR	Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le Bonneagar Margaidh Eorpach ([9])
Gníomhaíochtaí cumasúcháin	Gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 16 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
EuGB	Banna Glas Eorpach arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/2631 ([10])
An Gníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol	Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún ([11])
GAR DS	An cóimheas sócmhainní glasa le haghaidh urrúis fiachais le gnóthais neamhairgeadais dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.1.(ii) d'Iarscríbhinn V
GAR EH	An cóimheas sócmhainní glasa le haghaidh ionstraimí cothromais de chuid institiúidí creidmheasa i ngnóthais neamhairgeadais dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.1.(iii) d'Iarscríbhinn V
GAR L&A	An cóimheas sócmhainní glasa le haghaidh gníomhaíochtaí iasachtaíochta le gnóthais neamhairgeadais (*iasachtaí agus airleacain*) dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.1.(i) d'Iarscríbhinn V
IFRS	Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais

Eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna)	Eochairtháscairí Feidhmíochta (KPInna) na ngnóthas neamhairgeadais nó na ngnóthas airgeadais dá dtagraítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
MiFID	Treoir 2014/65/AE maidir le margaí in ionstraimí airgeadais ([12])
OpEx	Caiteachas oibríochtúil
KPI OpEx	An t-eochairtháscaire feidhmíochta a bhaineann leis an gcaiteachas oibríochtúil dá dtagraítear i Roinn 1.1.3. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Gnóthas tuairiscithe	Gnóthas neamhairgeadais atá faoi réir oibleagáid tuairiscithe i gcomhréir le hAirteagal 8(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
An Dara Fógra ón gCoimisiún	Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht i dtaca le gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht agus ailínithe leis an Tacsanomaíocht a thuairisciú (an dara Fógra ón gCoimisiún) ([13])
An dara doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin	Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin *'Ceisteanna Coitianta: Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais agus neamhairgeadais gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sócmhainní atá incháilithe don Tacsanomaíocht a thuairisciú i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht* *Airteagal 8 , an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?'* ([14])
Rannchuidiú substaintiúil	Rannchuidiú substaintiúil le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 i gcomhréir le hAirteagail 10 go 16 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
Maoiniú Inbhuanaithe An Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI)	Rialachán (AE) 2019/2088 ([15])
Gníomhaíocht eacnamaíoch atá ailínithe leis an tacsanomaíocht	Gníomhaíocht eacnamaíoch mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 1 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Gníomhaíocht eacnamaíoch atá incháilithe don tacsanomaíocht	Gníomhaíocht eacnamaíoch mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 1 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
Gníomhaíocht eacnamaíoch nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht	Gníomhaíocht eacnamaíoch mar a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 1 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht	Rialachán (AE) 2020/852 ([16])
Gníomhaíochtaí idirthréimhseacha	Gníomhaíochtaí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht
TSC	Critéir scagtha theicniúla
KPI láimhdeachais	An t-eochairtháscaire feidhmíochta a bhaineann leis an láimhdeachas dá dtagraítear i Roinn 1.1.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh
GCUI	Gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe

([1]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a ndéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

([3]) Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Ghníomh Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht Aeráide lena mbunaítear critéir scagtha theicniúla maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus nach ndéanann dochar suntasach do chuspóir comhshaoil eile (IO C, C/2023/267, 20.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/267/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

([5]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

([7]) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2013/34/AE, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí ábhar agus cur i láthair na faisnéise le nochtadh ag gnóthais faoi réir Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE a bhaineann le gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus ina sonraítear an mhodheolaíocht chun an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh, (IO L 443, 10.12.2021, lch. 9).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

([10]) Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, 30.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj).

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le cosc agus rialú ar thruailliú nó leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L, 2023/2486, 21.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2486/oj).

([12]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

([13]) Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh faoi Airteagal 8 de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht i dtaca le gníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht agus ailínithe leis an tacsanomaíocht a thuairisciú (an dara Fógra ón gCoimisiún) (IO C, C/2023/305, 20.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/305/oj).

([14]) https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-01/sustainable-finance-taxonomy-article-8-report-eligible-activities-assets-faq_en.pdf.

([15]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1) (IO L 330, 15.11.2014, lch. 1).

([16]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

GNÓTHAIS AIRGEADAIS

1. **CEISTEANNA GINEARÁLTA**

A. *RAON FEIDHME NA N-EINTITEAS A CHUMHDAÍTEAR*

1. Cad iad na KPInna ar cheart do ghnóthais amhail contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), taisclanna lárnacha urrús (CSDanna), cuideachtaí léasaithe agus institiúidí íocaíochta tuairisciú ina leith? Ar cheart neamhchosaintí ar na heintitis sin a láimhseáil mar neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais nó ar ghnóthais neamhairgeadais?

I gcás gnóthais atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, beidh ar na gnóthais sin measúnú a dhéanamh ar na KPInna is infheidhme maidir leo.

Ba cheart do ghnóthais a chomhlíonann an sainmhíniú ar ghnóthais airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 1(8) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh (i.e. bainisteoirí sócmhainní, institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus athárachais) na KPInna sonracha a thuairisciú mar a fhoráiltear sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Maidir le gnóthais nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar ghnóthais airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 1(8) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ach a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais, ba cheart a mheas gur gnóthais neamhairgeadais iad. Ba cheart dóibh KPInna gnóthas neamhairgeadais a thuairisciú i gcomhréir le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Mar sin féin, chomh maith leis na KPInna sainordaitheacha a nochtadh i gcás gnóthais neamhairgeadais, moltar do ghnóthais den sórt sin na KPInna i gcás gnóthais airgeadais a nochtadh go deonach ós rud é go bhféadfadh na KPInna sin a bheith ina dtáscaire níos ábhartha ar ailíniú Tacsanomaíochta na seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn siad.

I gcás ina soláthraíonn an gnóthas tuairiscithe na gníomhaíochtaí céanna ó thaobh feidhme de agus a sholáthraíonn gnóthas airgeadais sonrach a shainmhínítear in Airteagal 1(8) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, féadfaidh sé na KPInna is infheidhme maidir leis an ngnóthas airgeadais sin a chur i bhfeidhm go deonach freisin. Mar shampla, féadfaidh gnóthas tuairiscithe a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta amhail iasachtaí agus maoiniú forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh atá ábhartha d'institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach chun críoch nochtaí Tacsanomaíochta.

Chomh maith leis sin, i gcás ina gceanglaítear le dlí Ballstáit ar chontrapháirtithe lárnacha, taisclanna lárnacha urrús, cuideachtaí léasaithe nó institiúidí íocaíochta a ngníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh faoi réir údarú a bhaineann le gnóthas airgeadais, moltar do na gnóthais sin na KPInna is infheidhme maidir leis an gcatagóir gnóthais airgeadais sin a chur i bhfeidhm. Mar shampla, i gcás ina gceanglaíonn Ballstát údarú faoi Airteagal 8 CRD chun na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, féadfaidh an gnóthas na KPInna is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a nochtadh go deonach (Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh).

Soláthraítear mínithe breise i bhFoscríbhinn I a ghabhann leis an bhFógra seo ar an gcaoi a bhféadfadh eintitis a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais na KPInna le haghaidh gnóthais airgeadais a chur i bhfeidhm.

B. *RAON FEIDHME AN CHOMHDHLÚTHAITHE NOCHTAÍ*

2. Ar cheart do ghnóthais airgeadais ar gnóthais tuairiscithe iad agus ar leo gnóthais airgeadais eile a nochtaí Tacsanomaíochta a sholáthar bunaithe ar leibhéal rialála nó cuntasaíochta an chomhdhlúthaithe grúpa? Cad é leibhéal comhdhlúthaithe grúpa an eintitis tuairiscithe chun críoch na nochtaí Tacsanomaíochta?

I gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, pointe 1.1.1. a bhaineann le comhdhlúthú na KPInna ábhartha le haghaidh institiúidí creidmheasa, déanfaidh na hinstitiúidí sin *'KPInna ábhartha a nochtadh ar bhonn raon feidhme a gcomhdhlúthaithe stuamachta arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Teideal II, Caibidil 2, Roinn 2'*. Ar an gcuma chéanna, i gcás inar gnóthais airgeadais nach institiúidí creidmheasa iad na máthairghnóthais agus a bhfochuideachtaí araon agus go bhfuil siad faoi réir rialáil stuamachta ([16]), ba cheart dóibh a nochtaí a dhéanamh bunaithe ar an gcomhdhlúthú stuamachta. I gcás inar gnóthais airgeadais iad na máthairghnóthais agus a bhfochuideachtaí araon, ach nach bhfuil siad faoi réir rialáil stuamachta, ba cheart dóibh a nochtaí a dhéanamh bunaithe ar an gcomhdhlúthú cuntasaíochta i gcomhréir le Caibidil 6 den Treoir Chuntasaíochta.

([16]) Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1); Treoir 2014/65/AE (MiFID); Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil).

Tá na freagraí ar cheisteanna 9 go 12 den dara Fógra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear leibhéal comhdhlúthaithe KPInna na ngnóthas neamhairgeadais, agus an freagra ar cheist 7 den Fhógra seo, ábhartha freisin le haghaidh gnóthais airgeadais.

C. *MEASÚNÚ TACSANOMAÍOCHTA AR NEAMHCHOSAINTÍ AR GHNÓTHAIS AONAIR*

3. **Ar cheart go ríomhfadh gnóthais airgeadais dhá KPI le haghaidh infheistíochtaí nó neamhchosaintí, ceann amháin bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus ceann eile bunaithe ar KPInna CapEx na n-institiúidí infheistiúcháin nó na gcontrapháirtithe? Nó ar cheart go ndéanfadh gnóthais airgeadais na luachanna ó KPInna láimhdeachais agus ó KPInna CapEx na gcuideachtaí infheistiúcháin nó na gcontrapháirtithe a chomhcheangal in aon KPI amháin?**

Sonraítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí sna KPInna i gcás inarb eol nó nach eol úsáid na bhfáltas.

Foráiltear le hAirteagal 7(4), fomhír 2, den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh gur cheart neamhchosaintí ar ionstraimí airgeadais nach é is cuspóir dóibh gníomhaíochtaí sainaitheanta sonracha a mhaoiniú (ní heol úsáid na bhfáltas) a áireamh in uimhreoir an KPI ábhartha a ualaítear de réir KPI láimhdeachais agus KPI CapEx an eisitheora, i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar síos in Iarscríbhinní III, V, VII, agus IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Le haghaidh KPInna áirithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, leagtar síos sa mhodheolaíocht gurb é KPI an chontrapháirtí seachas KPI an eisitheora atá le húsáid. Ina theannta sin, i gcomhréir le mír (4) de Roinn 1.2.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart na neamhchosaintí seo a leanas a áireamh in uimhreoir an KPI ábhartha a bhunaítear ar KPI láimhdeachais agus KPI CapEx na sócmhainní foluiteacha: iasachtaí agus airleacain, urrúis fiachais, ionstraimí cothromais agus comhthaobhacht athshealbhaithe lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais dhá shraith KPInna ar leithligh a ríomh agus a nochtadh:

— KPI bunaithe ar láimhdeachas sa chás gur ar KPInna láimhdeachais na n-eisitheoirí/na gcontrapháirtithe ábhartha a bhunaítear ualú neamhchosaintí nuair nach eol úsáid na bhfáltas; agus

— KPI bunaithe ar CapEx sa chás gur ar KPInna CapEx na n-eisitheoirí/na gcontrapháirtithe ábhartha a bhunaítear ualú neamhchosaintí nuair nach eol úsáid na bhfáltas.

Maidir le neamhchosaintí chun gníomhaíochtaí sainaitheanta sonracha a mhaoiniú (is eol úsáid na bhfáltas), ba cheart iad a bheith ar áireamh in uimhreoirí dhá shraith KPInna ar leithligh an ghnóthais airgeadais, KPI bunaithe ar láimhdeachas agus KPI bunaithe ar CapEx, faoi seach, a mhéid atá gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á maoiniú ag na neamhchosaintí sin, gan ualú breise de réir KPI an eisitheora/an chontrapháirtí ([17]).

Dá bhrí sin, chun uimhreoir a gcuid KPInna a ríomh, ba cheart do ghnóthais airgeadais neamhchosaintí a áireamh mar a leanas:

— ba cheart uimhreoir KPInna bunaithe ar láimhdeachas a bheith cothrom le (i) méid na neamhchosaintí arb eol úsáid na bhfáltas ina leith lena maoinítear gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht móide (ii) méid na neamhchosaintí nach eol úsáid na bhfáltas ina leith a ualaítear de réir KPInna láimhdeachais na n-eisitheoirí/na gcontrapháirtithe ábhartha;

— ba cheart uimhreoir KPInna bunaithe ar CapEx a bheith cothrom le (i) méid na neamhchosaintí arb eol úsáid na bhfáltas ina leith lena maoinítear gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht móide (ii) méid na neamhchosaintí nach eol úsáid na bhfáltas ina leith a ualaítear de réir KPInna CapEx na n-eisitheoirí/na gcontrapháirtithe ábhartha.

Tugtar tuilleadh faisnéise thíos de réir an chineáil gnóthais airgeadais.

Bainisteoirí sócmhainní

I gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach de roinn 1.2. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní dhá KPI ar leithligh a nochtadh bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus CapEx institiúidí infheistiúcháin. Sonraítear i Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, pointí (a) go (e), na ríomhanna le haghaidh na KPInna sin a bhunaítear ar láimhdeachas agus ar CapEx de réir an chineáil cuideachta infheistiúcháin.

([17]) Mar shampla, ba cheart neamhchosaint, arb eol úsáid na bhfáltas ina leith, lena maoinítear gníomhaíocht EUR 100 milliún atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a áireamh san uimhreoir KPI bunaithe ar láimhdeachas agus san uimhreoir KPI bunaithe ar CapEx araon - don mhéid céanna - gan é a bheith ualaithe le KPI an eisitheora/an chontrapháirtí faoi seach.

Léirítear an méid sin dá réir sin sa teimpléad tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, lena gceanglaítear ar ghnóthais tuairiscithe luachanna KPI a líonadh isteach a bhunaítear ar leithligh ar KPInna láimhdeachais agus KPInna CapEx institiúidí infheistiúcháin (i.e. sa chéad ró agus sna ranna 'Nochtaí comhlántacha breise: miondealú ar uimhreoir an KPI' agus 'Miondealú ar uimhreoir an KPI de réir cuspóir comhshaoil').

Gnóthais árachais agus athárachais

I gcomhréir le pointí (a) go (e) den chúigiú mír de Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais an KPI a bhaineann le hinfheistíochtaí a nochtadh ar leithligh, bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus KPInna CapEx a gcuideachtaí infheistiúcháin. Sonraítear sna pointí sin na ríomhanna le haghaidh KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx de chuid institiúidí infheistiúcháin de réir an chineáil cuideachta infheistiúcháin.

Léirítear an méid sin dá réir sin sa teimpléad tuairiscithe a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, lena gceanglaítear ar ghnóthais tuairiscithe luachanna KPI a líonadh isteach a bhunaítear ar leithligh ar KPInna láimhdeachais agus KPInna CapEx institiúidí infheistiúcháin (i.e. sa chéad ró agus sna ranna 'Nochtaí comhlántacha breise: miondealú ar uimhreoir an KPI' agus 'Miondealú ar uimhreoir an KPI de réir cuspóir comhshaoil').

Gnólachtaí infheistíochta

I gcomhréir le roinn 2.4. d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta an cóimheas sócmhainní glasa a ríomh dá gcuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí a dhéileálann ar a gcuntas féin trí bhrath ar KPI láimhdeachais agus KPI CapEx gnóthas infheistiúcháin de réir gach cuspóra comhshaoil.

Sonraítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, roinn 2.4., an tríú mír, pointí (a) go (e), na ríomhanna le haghaidh KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx de chuid institiúidí infheistiúcháin de réir an chineáil cuideachta infheistiúcháin. Ba cheart KPInna le haghaidh gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta, gníomhaíochtaí seachas déileáil ar a gcuntais féin, a ríomh *mutatis mutandis* trí KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx de chuid contrapháirtithe a gcliant a úsáid (féach Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, roinn 3.3.).

Léirítear an méid sin dá réir sin sna teimpléid maidir le nochtadh le haghaidh KPInna gnólachtaí infheistíochta. Ba cheart luachanna KPI bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus CapEx an chontrapháirtí a nochtadh, faoi seach, sa cheathrú agus sa chúigiú colún de theimpléad 0 (*Achoimre ar KPInna*) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta teimpléad 1 (*KPI IF – Seirbhísí chun déileáil ar a gcuntas féin*) agus teimpléad 2 (*KPI IF Seirbhísí eile*) a dhúbláil le haghaidh KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus nochtaí bunaithe ar CapEx.

Institiúidí creidmheasa

Maidir le hinstitiúidí creidmheasa, leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh mionsonraí na ríomhanna le haghaidh KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus KPInna bunaithe ar CapEx de chuid sócmhainní foluiteacha le haghaidh gach comhpháirte den KPI ábhartha. Mar shampla, maidir le GAR le haghaidh neamhchosaintí laistigh den chlár comhardaithe, foráiltear le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, Roinn 1.2.1., an ceathrú mír, pointe (a), gur cheart go gcumhdódh uimhreoir an KPI iasachtaí agus airleacain, urrúis fiachais, ionstraimí cothromais agus comhthaobhacht athshealbhaithe lena maoinítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus KPInna CapEx na sócmhainní foluiteacha.

Léirítear an méid sin dá réir sin sna teimpléid um nochtadh le haghaidh KPInna institiúidí creidmheasa. Ba cheart luachanna KPI bunaithe ar KPInna láimhdeachais agus CapEx an chontrapháirtí a nochtadh, faoi seach, sa cheathrú agus sa chúigiú colún de theimpléad 0 (*Achoimre ar KPInna*) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ina theannta sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa teimpléid 3 (*Stoc KPI GAR*), 4 (*Sreabhadh KPI GAR*), 5 (*KPI nochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe)*, 6 (*KPI maidir le hioncam ó tháillí agus ó choimisiúin ag éirí as seirbhísí seachas iasachtú agus bainistiú sócmhainní*) agus 7 (*KPI le haghaidh punann an leabhair trádála*) le haghaidh nochtaí bunaithe ar láimhdeachas agus KPInna bunaithe ar CapEx a dhúbláil, mar a shoiléirítear sna fonótaí a ghabhann leis an teimpléad ábhartha.

4. **Cén KPI ba cheart do ghnóthas airgeadais a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar ghnóthas airgeadais eile a thuairiscíonn KPI amháin nó níos mó? Le linn neamhchosaintí ar ghnóthas árachais nó athárachais a ríomh, cén chaoi ar cheart do ghnóthas airgeadais KPInna infheistíochta agus frithgheallta a chomhcheangal chun measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint sin?**

Mar a shonraítear i gceist 3 den Fhógra seo, ba cheart do ghnóthais airgeadais a gcuid KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx a ríomh trí úsáid a bhaint, faoi seach, as KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx na n-eisitheoirí/na gcontrapháirtithe faoi seach chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta ([18]) a neamhchosaintí orthu. Tá feidhm aige sin freisin más gnóthais airgeadais eile iad, mar a shonraítear a thuilleadh thíos.

Neamhchosaintí ar bhainisteoirí sócmhainní

I gcomhréir le forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh ([19]) faoi seach, i gcás ina mbeidh neamhchosaintí ar bhainisteoir sócmhainní ag gnóthais airgeadais tuairiscithe, ba cheart do na gnóthais airgeadais sin KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx bhainisteoir sócmhainní an chontrapháirtí, faoi seach, a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar bhainisteoir sócmhainní an chontrapháirtí sin.

I gcás ina n-infheistíonn na gnóthais airgeadais in GCUI nó CIM nó ina dtugann siad iasacht dóibh, ba cheart do na gnóthais airgeadais tuairiscithe úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil maidir le hailíniú Tacsanomaíochta an GCUI nó an CIM. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, ba cheart an neamhchosaint a mheas mar neamhchosaint neamhailínithe le Tacsanomaíocht (féach an freagra ar cheist 32 den Fhógra seo).

Neamhchosaintí ar institiúidí creidmheasa

I gcomhréir le forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh ([20]), i gcás ina bhfuil neamhchosaintí ag gnóthais airgeadais tuairiscithe ar institiúid creidmheasa, ba cheart do na gnóthais airgeadais sin GAR bunaithe ar láimhdeachas institiúid creidmheasa an chontrapháirtí agus GAR bunaithe ar CapEx institiúid creidmheasa an chontrapháirtí (i.e. GAR iomlán an chontrapháirtí) a úsáid, faoi seach, chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar institiúid creidmheasa an chontrapháirtí sin.

Ba cheart do ghnóthais airgeadais tuairiscithe meán ualaithe KPInna is infheidhme bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx institiúid creidmheasa an chontrapháirtí lena mbaineann a úsáid, i gcás ina bhfuil neamhchosaintí ag gnóthais airgeadais ar institiúid creidmheasa an chontrapháirtí sin nach infheidhme a GAR iomlán (i.e. GAR iomlán maidir le hionstraimí iasachta/fiachais/cothromais sa leabhar baincéireachta) ar na cúiseanna seo a leanas:

— ní chumhdaíonn samhail ghnó institiúid creidmheasa an chontrapháirtí sin na gníomhaíochtaí lena gcruthaítear neamhchosaintí ar iasachtaí/fiachas/cothromas i leabhar baincéireachta (e.g. baincéireacht infheistíochta), nó

— níl GAR iomlán institiúid creidmheasa an chontrapháirtí sin ábhartha i samhail ghnó an chontrapháirtí sin.

Chun an fhleasc dheireanach d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chomhlíonadh, ba cheart d'institiúid creidmheasa an chontrapháirtí meán ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx araon de na KPInna is infheidhme a ríomh agus a nochtadh san fhaisnéis chomhthéacsúil a ghabhann leis ina mbeidh na hualuithe i gcomhréir le cion an ioncaim a dhíorthaítear ó na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis na KPInna comhfhreagracha ina láimhdeachas iomlán.

Mar shampla, d'fhéadfadh institiúid creidmheasa contrapháirtí atá gníomhach sa bhaincéireacht infheistíochta na nithe seo a leanas a dhíorthú:

— 50 % dá hioncam iomlán ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i Roinn 1.2.3. d'Iarscríbhinn V (KPInna maidir le seirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C));

— 30 % dá hioncam iomlán ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i Roinn 1.2.4. d'Iarscríbhinn V (GAR le haghaidh na punainne trádála); agus

([18]) I gcás nach eol úsáid na bhfáltas.

([19]) pointe (b) de Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh bainisteoirí sócmhainní; an seachtú mír de Roinn 1.2.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh institiúidí creidmheasa; pointe (b) i Roinn 2.4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta; pointe (b) den chúigiú mír de Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnóthais árachais nó athárachais.

([20]) pointe (c) de Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh bainisteoirí sócmhainní; an cúigiú mír de Roinn 1.2.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh institiúidí creidmheasa; pointe (c) i Roinn 2.4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta; pointe (c) den chúigiú mír de Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais.

— 20 % dá hioncam iomlán ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i Roinn 1.2.2.2. d'Iarscríbhinn V (Cóimheas glas le haghaidh sócmhainní faoi bhainistíocht (KPI AuM)).

Chun measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaintí ar institiúid creidmheasa contrapháirtí den sórt sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais tuairiscithe úsáid a bhaint as meán ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx na KPInna is infheidhme de chuid institiúid creidmheasa an chontrapháirtí ar cheart d'institiúid creidmheasa an chontrapháirtí iad a ríomh mar a leanas:

— Meán ualaithe bunaithe ar láimhdeachas KPInna is infheidhme = KPI a Táillí agus a Coimisiún (bunaithe ar láimhdeachas) iolraithe faoi 50 % + a GAR le haghaidh na punainne trádála (bunaithe ar láimhdeachas) iolraithe faoi 30 % + a KPI AuM (bunaithe ar láimhdeachas) iolraithe faoi 20 %;

— Meán ualaithe bunaithe ar CapEx na KPInna is infheidhme = KPI a Táillí agus a Coimisiún (bunaithe ar CapEx) iolraithe faoi 50 % + a GAR le haghaidh na punainne trádála (bunaithe ar CapEx) iolraithe faoi 30 % + a KPI AuM (bunaithe ar CapEx) iolraithe faoi 20 %.

Neamhchosaintí ar ghnólachtaí infheistíochta

I gcomhréir le forálacha ábhartha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh ([21]), i gcás ina bhfuil neamhchosaintí ag gnóthais airgeadais tuairiscithe ar ghnólacht infheistíochta, ba cheart do na gnóthais airgeadais sin úsáid a bhaint as KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach, ghnólacht infheistíochta an chontrapháirtí chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar ghnólacht infheistíochta an chontrapháirtí sin. San fhaisnéis chomhthéacsúil a ghabhann leo, dá dtagraítear sa fhleasc dheireanach d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart don ghnólacht infheistíochta an KPI bunaithe ar láimhdeachas agus KPI bunaithe ar CapEx a fhoilsiú, ar KPInna iad ar cheart iad a ríomh mar a leanas:

— ba cheart KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar láimhdeachas a ríomh mar mheán ualaithe KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar láimhdeachas maidir le gníomhaíochtaí chun déileáil ar a chuntas féin agus KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar láimhdeachas maidir le gníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin agus ba cheart na hualuithe a bheith i gcomhréir le cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí chun déileáil ar a chuntas féin agus cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin in ioncam iomlán (ioncam) an ghnólachta infheistíochta;

— ba cheart KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar CapEx a ríomh mar mheán ualaithe KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar CapEx maidir le gníomhaíochtaí chun déileáil ar a chuntas féin agus KPI an ghnólachta infheistíochta bunaithe ar CapEx maidir le gníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin agus ba cheart na hualuithe a bheith i gcomhréir le cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí chun déileáil ar a chuntas féin agus cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin in ioncam iomlán (ioncam) an ghnólachta infheistíochta.

Neamhchosaintí ar ghnóthais árachais agus athárachais

I gcomhréir le forálacha ábhartha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh ([22]), i gcás ina bhfuil neamhchosaintí ag gnóthais airgeadais tuairiscithe ar ghnóthas árachais nó athárachais nach saothraíonn ach gníomhaíochtaí soláthair árachais saoil nó athárachais, chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar an ngnóthas árachais nó athárachais sin, ba cheart do na gnóthais airgeadais tuairiscithe úsáid a bhaint as KPI bunaithe ar láimhdeachas agus as KPI bunaithe ar CapEx maidir le hinfheistíochtaí ghnóthas árachais nó athárachais an chontrapháirtí.

I gcás ina bhfuil neamhchosaintí ag gnóthais airgeadais ar ghnóthas árachais nó athárachais a shaothraíonn gníomhaíochtaí soláthair árachais neamhshaoil (nó a sholáthraíonn seirbhísí saoil agus neamhshaoil araon), ba cheart do na gnóthais airgeadais tuairiscithe KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach, ghnóthas árachais nó athárachais an chontrapháirtí a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar ghnóthas árachais nó athárachais an chontrapháirtí sin.

([21]) pointe (d) de Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh bainisteoirí sócmhainní; an séú mír de Roinn 1.2.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh institiúidí creidmheasa; pointe (d) i Roinn 2.4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta; pointe (d) den chúigiú mír de Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais.

([22]) pointe (e) de Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh bainisteoirí sócmhainní; an t-ochtú mír de Roinn 1.2.1.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh institiúidí creidmheasa; pointe (e) i Roinn 2.4 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnólachtaí infheistíochta; pointe (e) den chúigiú mír de Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh gnóthais árachais nó athárachais.

Chun an fhleasc dheireanach d'Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chomhlíonadh, ba cheart don ghnóthas árachais nó athárachais a nochtadh ina fhaisnéis chomhthéacsúil KPI bunaithe ar láimhdeachas agus KPI bunaithe ar CapEx ar cheart iad a ríomh mar a leanas:

— ba cheart KPI an ghnóthais árachais nó athárachais bunaithe ar láimhdeachas a ríomh mar mheán ualaithe an KPI bunaithe ar láimhdeachas maidir le hinfheistíochtaí an ghnóthais árachais nó athárachais agus an KPI maidir le frithghealladh neamhshaoil an ghnóthais árachais nó athárachaisagus ba cheart na hualuithe a bheith i gcomhréir le cion an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí infheistíochta agus cion an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil in ioncam iomlán an ghnóthais árachais nó athárachais;

— ba cheart KPI an ghnóthais árachais nó athárachais bunaithe ar CapEx a ríomh mar mheán ualaithe an KPI bunaithe ar CapEx maidir le hinfheistíochtaí an ghnóthais árachais nó athárachais agus an KPI maidir le frithghealladh neamhshaoil an ghnóthais árachais nó athárachais agus ba cheart na hualuithe a bheith i gcomhréir le cion an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí infheistíochta agus cion an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil in ioncam iomlán an ghnóthais árachais nó athárachais.

5. **Cad ba cheart do ghnóthais airgeadais a thuairisciú i gcás KPInna eintiteas contrapháirtí nach bhfuil ar fáil go poiblí nó atá míchruinn? Mar shampla, cén tuairisciú ba cheart do ghnóthais airgeadais a thabhairt ina gcuid KPInna a nochtadh in 2024 ar a neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais contrapháirtí eile, nach gá dóibh a KPInna faoi seach a thuairisciú ach ó 2024 ar aghaidh?**

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní mór do ghnóthais airgeadais an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil agus KPInna a gcontrapháirtithe a úsáid dá dtuairisciú ar an ailíniú leis an Tacsanomaíocht. D'fhéadfadh imthosca a bheith ann nach mbeadh KPInna eintiteas foluiteach nó contrapháirtithe foluiteacha ar fáil go héasca nó go poiblí. Mar shampla, i gcás ina ríomhtar KPInna gnóthas airgeadais tuairiscithe bunaithe ar neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an fhaisnéis uile ar fáil go poiblí ag na gnóthais airgeadais tuairiscithe sin chun a chur ar a gcumas dóibh a nochtaí féin maidir le hailíniú leis an Tacsanomaíocht a dhéanamh sa chéad timthriall tuairiscithe (in 2024).

Maidir le KPInna is déanaí na gcontrapháirtithe a gceanglaítear orthu KPInna Tacsanomaíochta a thuairisciú mar chuid dá dtuairisciú inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, i gcás nach bhfuil na KPInna sin ar fáil go poiblí ná go héasca, moltar do ghnóthais airgeadais a bhraitheann ar na KPInna sin dá dtuairisciú féin dul i dteagmháil leis na contrapháirtithe sin. Ba cheart aon mhalartú faisnéise a bheith i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais.

Más rud é, mar sin féin, nach bhfuil gnóthais airgeadais in ann KPInna ábhartha a fháil ón gcontrapháirtí atá i gceist nó má tá siad sin mí-oiriúnach go fóill chun a gcuid KPInna féin a ríomh, ba cheart do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as na KPInna is déanaí atá ar fáil agus a nochtadh an bhliain/sna blianta roimhe sin. I gcás nach bhfuil KPInna den sórt sin ó bhlianta roimhe sin ar fáil ach oiread ([23]), ba cheart an neamhchosaint a mheas mar neamhchosaint neamh-incháilithe nó neamhailínithe, i.e. ba cheart do ghnóthais airgeadais an luach 'nialas' a iontráil in uimhreoir an KPI ábhartha gan aon mheasúnú breise a dhéanamh. Ba cheart faisnéis chomhthéacsúil a bheith ag gabháil leis an nochtadh sin mar chuid de nochtaí cáilíochtúla an ghnóthais airgeadais (lena n-áirítear faisnéis maidir le foinsí sonraí agus teorannú) i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Chomh maith le luach 'nialas' a thuairisciú sa chás sin mar chuid dá nochtaí sainordaitheacha, d'fhéadfadh gnóthais airgeadais tuairiscithe a roghnú meastachán a dhéanamh ar a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht agus an fhaisnéis sin a thuairisciú go deonach, ar leithligh óna nochtaí sainordaitheacha ([24]).

([23]) Mar shampla, níl KPInna gnóthas contrapháirtí airgeadais ar fáil go fóill le haghaidh an chéad timthrialla tuairiscithe atá ag gnóthais airgeadais in 2024 nach bhfuil ach cóimheas na hincháilitheachta don Tacsanomaíocht ar fáil ina leith agus gan cóimheas an ailínithe leis an Tacsanomaíocht a bheith ar fáil, mar a nochtann na gnóthais chontrapháirtí sin i dtimthriallta tuairiscithe 2022 agus 2023.

([24]) Leis an tuairisciú deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis shainordaitheach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ná mífhaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do nochtaí sainordaitheacha. I gcás ina bhfuil tuairisciú deonach san áireamh ag gnóthas, ba cheart mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin, na modhanna a úsáideadh lena ullmhú agus míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú sainordaitheach.

6. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais caitheamh le hathlua KPInna (i.e. ceartúcháin ar KPInna a foilsíodh cheana) óna gcontrapháirtithe? An gá do ghnóthais airgeadais a KPInna ón mbliain roimhe sin a athríomh agus a athlua aon uair a dhéanann a gcontrapháirtithe a KPInna féin ón mbliain roimhe sin a athlua?**

Leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ceanglaítear ar ghnóthais airgeadais KPInna arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe a úsáid nuair a ríomhann siad a KPInna féin, go háirithe GAR. Ceanglaítear ar ghnóthais neamhairgeadais a mhíniú cén fáth ar faisnéis níos iontaofa agus níos ábhartha atá mar thoradh ar athruithe ar ríomh a KPInna ó bhí an tréimhse thuairiscithe roimhe sin ann agus foráil a dhéanamh maidir le figiúirí comparáideacha athluaite (cf. Roinn 1.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh).

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní mór do ghnóthais airgeadais an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil arna soláthar ag a gcontrapháirtithe a úsáid dá dtuairisciú maidir le hailíniú. Más rud é, mar shampla, go gceanglaítear ar ghnóthais neamhairgeadais chontrapháirtí faisnéis nó KPInna na bliana roimhe sin a athlua i gcomhréir le Roinn 1.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, níor mhór na sonraí is déanaí atá ar fáil le haghaidh na ngnóthas airgeadais tuairiscithe a bheith san áireamh sna figiúirí nó sna KPInna athluaite sin.

Níor ghá do ghnóthais airgeadais tuairiscithe a KPInna féin a athlua ach amháin a mhéid atá tionchar ábhartha ag na figiúirí nó KPInna athluaite ó na gnóthais chontrapháirtí ar ríomh KPInna na ngnóthas airgeadais tuairiscithe. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais tuairiscithe measúnú a dhéanamh de réir an cháis ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ábhartha den sórt sin ag na figiúirí nó KPInna athluaite ó ghnóthais chontrapháirtí ar a KPI(nna) féin, agus foráil a dhéanamh maidir le figiúirí comparáideacha athluaite agus KPInna athluaite dá réir sin.

D. *MEASÚNÚ TACSANOMAÍOCHTA AR GHRÚPAÍ*

a. *KPInna atá le tuairisciú ag máthairghnóthais*

7. **Cad iad na KPInna ba cheart a bheith á dtuairisciú ag máthairghnóthais grúpaí, amhail ilchuideachtaí airgeadais, a bhfuil roinnt gníomhaíochtaí agus deighleoga gnó acu ar leibhéal grúpa amhail bainistíocht sócmhainní, gnólacht infheistíochta, árachas, agus gníomhaíochtaí baincéireachta?**

Maidir le máthairghnóthais grúpaí móra, dá dtagraítear in Airteagal 3(7) den Treoir Chuntasaíochta, ar gá dóibh tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 29a den Treoir sin, ba cheart dóibh fochuideachtaí uile a ngrúpa a chumhdach i gcomhréir le Caibidil 6 den Treoir Chuntasaíochta (féach freisin an freagra ar cheist 8). Ba cheart do na máthairghnóthais tuairiscithe sin nochtaí comhdhlúite maidir le Tacsanomaíocht a áireamh ina dtuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite.

Ba cheart do mháthaireintitis ilchuideachtaí airgeadais raon feidhme stuamachta an chomhdhlúthaithe dá ngníomhaíochtaí a thagann faoi rialáil stuamachta a leanúint agus KPInna comhdhlúite a ndeighleoga gnó faoi seach a thuairisciú ar leibhéal grúpa. Mar shampla, maidir le máthairghnóthais tuairiscithe ilchuideachta airgeadais ag a bhfuil deighleoga gnólachta a bhaineann le bainistíocht sócmhainní, baincéireacht, gnólachtaí infheistíochta nó gníomhaíochtaí árachais arna ndéanamh ag a bhfochuideachtaí, ba cheart dóibh na gníomhaíochtaí sin a thuairisciú ar an leibhéal comhdhlúite. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a thuairisciú:

— KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus iad comhdhlúite dá ngníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní arna ndéanamh ag fochuideachtaí ar bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) nó cuideachtaí bainistíochta GCUI (bainisteoirí sócmhainní) iad;

— KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus iad comhdhlúite dá ngníomhaíochtaí baincéireachta arna ndéanamh ag fochuideachtaí ar institiúidí creidmheasa iad;

— KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus iad comhdhlúite dá ngníomhaíochtaí gnólachta infheistíochta, arna ndéanamh ag fochuideachtaí ar gnólachtaí infheistíochta iad; agus

— KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinní IX agus X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus iad comhdhlúite dá ngníomhaíochtaí gnóthais árachais agus athárachais arna ndéanamh ag fochuideachtaí ar gnóthais árachais nó athárachais iad.

Thairis sin, chun a gceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh ar leibhéal comhdhlúite grúpa agus chun na nochtaí Tacsanomaíochta arna ndéanamh ag a n-infheisteoirí agus a gcreidiúnaithe a éascú (féach ceist 11 thíos), ba cheart do na máthairghnóthais tuairiscithe KPI comhdhlúite ar leibhéal grúpa a ríomh agus a fhoilsiú sna nochtaí comhthéacsúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh,ar KPI é a bheadh ([25]) i bhfoirm meán ualaithe na KPInna comhfhreagracha le haghaidh, i gcás inarb infheidhme, gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní, gníomhaíochtaí baincéireachta, infheistíochta agus árachais agus athárachais ina mbeadh na hualuithe i gcomhréir le cion an láimhdeachais a dhíorthaítear ó na gníomhaíochtaí comhfhreagracha i láimhdeachas comhdhlúite iomlán na hilchuideachta ([26]).

I bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an bhFógra seo, soláthraítear sampla uimhriúil den chaoi a ríomhtar KPI comhdhlúite ar leibhéal grúpa maidir le gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht i bhfoirmmeán ualaithe KPInna.

8. **Cén chaoi ar cheart don tuairisciú feidhmiú i gcás máthairghnóthas tuairiscithe ag a bhfuil fochuideachtaí éagsúla (i) a bhfuil roinnt díobh faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, ach a bhaineann úsáid as an díolúine ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú, agus (ii) a bhfuil roinnt eile díobh nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Mar a leagtar amach i gceist 7 den Fhógra seo, ba cheart do mháthairghnóthais tuairiscithe na fochuideachtaí uile óna ngrúpa a áireamh ina nochtaí Tacsanomaíochta comhdhlúite, lena n-áirítear na fochuideachtaí sin a bhaineann úsáid as an díolúine ó fhaisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú faoi Airteagal 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta agus na fochuideachtaí sin nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a ná 29a den Treoir Chuntasaíochta.

Ina theannta sin, tá na freagraí ar cheisteanna 11 agus 12 den dara Fógra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear gnóthais neamhairgeadais ábhartha freisin do ghnóthais airgeadais. Luaitear an méid seo a leanas go háirithe sa fhreagra ar cheist 11: *'Faoi láthair, gnóthais atá díolmhaithe ó fhaisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú de bhun mhír (3) d'Airteagal 19a agus mhír (3) d'Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta,* ([27]) *tá siad díolmhaithe freisin ó nochtaí a bhaineann le tacsanomaíocht a dhéanamh faoi Airteagal 8(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, má chomhlíontar na coinníollacha sna forálacha sin (i.e. tá nochtadh an ghnóthais dhíolmhaithe, ar nochtadh é a bhaineann le tacsanomaíocht, san áireamh sa ráiteas neamhairgeadais comhdhlúite, nó i dtuarascáil ar leithligh, gnóthais (máthairghnóthais) eile).'*

Luaitear an méid seo a leanas sa fhreagra ar cheist 12: *'Ní mór do na máthairghnóthais a léiriú freisin cé acu de na fochuideachtaí a áirítear sa chomhdhlúthú atá díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta aonair nó comhdhlúite de bhun mhír (9) d'Airteagal 19a nó mhír (8) d'Airteagal 29a faoi seach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite KPInna tacsanomaíochta ar leibhéal fochuideachta a sholáthar san fhaisnéis chomhthéacsúil freisin.'*

9. **Cad iad na KPInna ba cheart a bheith á dtuairisciú ag máthairghnóthas tuairiscithe a bhfuil cineálacha éagsúla fochuideachtaí neamhairgeadais agus airgeadais aige?**

Ba cheart do mháthairghnóthas tuairiscithe a bhfuil fochuideachtaí airgeadais agus neamhairgeadais aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

— gníomhaíochtaí a fhochuideachtaí airgeadais a chomhdhlúthú agus KPInna comhfhreagracha a bhaineann le gnóthais airgeadais a thuairisciú mar a shoiléirítear sna freagraí ar cheisteanna 2, 7 agus 9 den Fhógra seo, agus,

— ar leithligh, gníomhaíochtaí a fhochuideachtaí neamhairgeadais a chomhdhlúthú agus KPInna comhfhreagracha a bhaineann le gnóthais neamhairgeadais a thuairisciú mar a shoiléirítear sna freagraí ar cheisteanna 9 go 12 den dara Fógra ón gCoimisiún.

([25]) Leis na KPInna sin ba cheart iad seo a chumhdach: KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx maidir le gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht agus an miondealú orthu de réir an chuspóra comhshaoil, gníomhaíochtaí incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe leis an Tacsanomaíocht, agus gníomhaíochtaí neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht.

([26]) Is ionann an mhodheolaíocht agus an mhodheolaíocht a thuairiscítear sa fhreagra ar cheist 9.

([27]) Leasaíodh na forálacha sin le CSRD. Tar éis theacht i bhfeidhm CSRD, is iad Airteagal 19a(9) agus Airteagal 29a(8) den Treoir Chuntasaíochta na tagairtí ábhartha do na rialacha díolúine sin.

Thairis sin, chun a gceanglais a chomhlíonadh maidir le tuairisciú ar leibhéal comhdhlúite grúpa agus chun nochtaí Tacsanomaíochta arna ndéanamh ag a n-infheisteoirí agus a gcreidiúnaithe a éascú (féach ceist 8 den Fhógra seo), ba cheart do na máthairghnóthais tuairiscithe KPI comhdhlúite ar leibhéal grúpa a ríomh, agus a fhoilsiú sna nochtaí comhthéacsúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ([28]) ar KPI i bhfoirm meán ualaithe na nithe seo a leanas é:

— na KPInna, bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx faoi seach, a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha airgeadais de réir an chur chuige a leagtar síos sa fhreagra ar cheist 3 den Fhógra seo a mbeidh ualuithe ag gabháil leo le haghaidh na KPInna sin a chomhfhreagraíonn do chion an láimhdeachais a dhíorthaítear ó na gníomhaíochtaí eacnamaíocha airgeadais i láimhdeachas comhdhlúite iomlán an ghrúpa, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní, gníomhaíochta baincéireachta, infheistíochta agus árachais agus athárachais ([29]); agus

— na KPInna láimhdeachais comhdhlúite agus CapEx, faoi seach, a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha neamhairgeadais a mbeidh ualuithe leo a chomhfhreagraíonn do chion an láimhdeachais a dhíorthaítear ó na gníomhaíochtaí sin i láimhdeachas comhdhlúite iomlán an ghrúpa.

Soláthraítear i bhFoscríbhinn II a ghabhann leis an bhFógra seo sampla uimhriúil den tslí chun KPI comhdhlúite ar leibhéal grúpa a ríomh maidir le gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht i bhfoirm meán ualaithe KPInna.

10. **Cén chaoi ar cheart do mháthairghnóthais tuairiscithe nochtaí Tacsanomaíochta a choigeartú i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí fochuideachta amháin nó níos mó éagsúil le samhail ghnó fhoriomlán an ghrúpa?**

Tá an freagra a tugadh ar cheist 12 den dara Fógra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear gnóthais neamhairgeadais ábhartha freisin do ghnóthais airgeadais: *'Faoi mhír (4) d'Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta arna leasú le CSRD, i gcás ina sainaithníonn an máthairghnóthas difríochtaí móra idir rioscaí nó tionchair an ghrúpa agus rioscaí nó tionchair ceann amháin nó níos mó dá fhochuideachtaí, ní mór don mháthairghnóthas tuiscint leordhóthanach ar rioscaí agus tionchair na bhfochuideachtaí sin a sholáthar. Ní mór do na máthairghnóthais a léiriú freisin cé acu de na fochuideachtaí a áirítear sa chomhdhlúthú atá díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta bliantúil nó comhdhlúite de bhun mhír (9) d'Airteagal 19a nó mhír (8) d'Airteagal 29a faoi seach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite KPInna tacsanomaíochta ar leibhéal fochuideachta a sholáthar san fhaisnéis chomhthéacsúil freisin.'*

b. *Measúnú tacsanomaíochta ar neamhchosaintí ar mháthairghnóthais*

11. **Cad iad na KPInna ba cheart a mheas le haghaidh neamhchosaintí gnóthas airgeadais ar mháthairghnóthas grúpa, amhail ilchuideachta airgeadais, ag a bhfuil fochuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí árachais, baincéireachta, infheistíochta nó bainistíochta sócmhainní nó neamhchosaintí ar fhochuideachta de chuid na máthairchuideachta sin?**

Ba cheart do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as (i) an KPI comhdhlúite ar leibhéal grúpa i bhfoirm meán ualaithe KPInna an mháthairghnóthais dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh (féach freisin an freagra ar cheisteanna 7 agus 9 den Fhógra seo) agus (ii) méid na neamhchosaintí ar an ngrúpa sin chun na neamhchosaintí sin a ríomh ina KPInna féin faoi seach.

I gcás ina mbaineann infheistíocht nó neamhchosaint gnóthais airgeadais le fochuideachta d'ilchuideachta airgeadais seachas leis an máthairghnóthas, ba cheart do na gnóthais tuairiscithe a áirithiú go n-úsáidfidh siad KPInna lena soláthraítear an dearcadh is ionadaíche ar ghníomhaíochtaí iarbhír a gcuideachtaí infheistiúcháin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le gnóthais tuairiscithe úsáid a bhaint as KPInna ar leibhéal fochuideachta mar a mhínítear sna freagraí ar cheisteanna 8 agus 10 den Fhógra seo (lena dtagraítear don fhreagra ar cheist 12 den dara Fógra ón gCoimisiún) nó as KPInna ar leibhéal grúpa nuair nach bhfuil na KPInna sin ar leibhéal fochuideachta ar fáil.

([28]) Leis na KPInna sin ba cheart iad seo a chumhdach: KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx maidir le gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht agus an miondealú orthu de réir an chuspóra comhshaoil, gníomhaíochtaí incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe leis an Tacsanomaíocht, agus gníomhaíochtaí neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht.

([29]) Tá an mhodheolaíocht ar aon dul leis an modheolaíocht a bhfuil cur síos uirthi i gceist 9.

12. **Cad iad na KPInna ba cheart a mheas le haghaidh neamhchosaintí gnóthas airgeadais ar mháthairghnóthas grúpa mheasctha ag a bhfuil fochuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais, amhail seirbhísí árachais, baincéireachta, infheistíochta nó bainistíochta sócmhainní agus gníomhaíochtaí neamhairgeadais a dhéanamh?**

Ós rud é gurb ionann KPI comhdhlúite ar leibhéal an ghrúpa i bhfoirm meán ualaithe KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus gníomhaíochtaí gnó grúpa (féach freisin an freagra ar cheist 9 den Fhógra seo), ba cheart do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as (i) an KPI comhdhlúite sin ar leibhéal grúpa arna thuairisciú ag máthairghnóthas an ghrúpa mheasctha agus (ii) méid na neamhchosaintí ar an ngrúpa measctha sin chun na neamhchosaintí sin a ríomh ina KPInna féin faoi seach.

I gcás ina mbaineann infheistíocht nó neamhchosaint na ngnóthas tuairiscithe le fochuideachta de chuid grúpa mheasctha, ba cheart do na gnóthais tuairiscithe a áirithiú go n-úsáidfidh siad na KPInna lena soláthraítear an dearcadh is ábhartha agus is ionadaíche ar ghníomhaíochtaí iarbhír a gcuideachtaí infheistiúcháin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis leis na gnóthais sin úsáid a bhaint as na KPInna ar leibhéal fochuideachta mar a mhínítear sna freagraí ar cheisteanna 8 agus 10 den Fhógra seo (a thagraíonn don fhreagra ar cheist 12 den dara Fógra ón gCoimisiún) nó as an KPI ar leibhéal grúpa nuair nach bhfuil na KPInna sin ar leibhéal fochuideachta ar fáil.

E. *MEASÚNÚ TACSANOMAÍOCHTA AR NEAMHCHOSAINTÍ SONRACHA*

a. *Neamhchosaintí ar eintitis atá faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta*

13. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais measúnú a dhéanamh ar a neamhchosaintí i leith na nithe seo a leanas:**

— **gnóthas nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta ar bhonn aonair, ach ar fochuideachta é de mháthairghnóthas atá faoi réir na bhforálacha sin;**

— **fochuideachta atá faoi réir Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta ar bhonn aonair, ach atá díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta a fhoilsiú ar an bhforas go ndéanann a máthairghnóthas amhlaidh ar bhonn comhdhlúite?**

Maidir le neamhchosaintí ar ghnóthais nach bhfuil faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta a fhoilsiú de bhun Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, tá bonn cirt lena n-eisiamh, a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, toisc gan KPInna a bheith ar fáil le haghaidh contrapháirtí gnóthais airgeadais agus toisc gur gá ró-ualach tuairiscithe ó chontrapháirtí chuig gnóthas airgeadais a sheachaint.

Tá an freagra ar cheist 12 den dara Fógra ón gCoimisiún lena gcumhdaítear gnóthais neamhairgeadais ábhartha i gcomhthéacs neamhchosaintí ar fhochuideachtaí nach dtuairiscíonn KPInna nó i gcás gníomhaíochtaí fochuideachtaí atá éagsúil le samhail ghnó an ghrúpa i gcoitinne: *'Faoi mhír (4) d'Airteagal 29a den Treoir Chuntasaíochta arna leasú le CSRD, i gcás ina sainaithníonn an máthairghnóthas difríochtaí móra idir rioscaí nó tionchair an ghrúpa agus rioscaí nó tionchair ceann amháin nó níos mó dá fhochuideachtaí, ní mór don mháthairghnóthas tuiscint leordhóthanach ar rioscaí agus tionchair na bhfochuideachtaí sin a sholáthar. Ní mór do na máthairghnóthais a léiriú freisin cé acu de na fochuideachtaí a áirítear sa chomhdhlúthú atá díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta bliantúil nó comhdhlúite de bhun mhír (9) d'Airteagal 19a nó mhír (8) d'Airteagal 29a faoi seach.* ***I gcásanna den sórt sin, ba cheart don tuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite KPInna Tacsanomaíochta ar leibhéal fochuideachtaí a sholáthar san fhaisnéis chomhthéacsúil freisin (béim curtha leis).***'

Chun measúnú a dhéanamh ar na neamhchosaintí ó ionstraimí airgeadais agus ó iasachtú i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais a áirithiú go n-úsáidfidh siad KPInna lena dtugtar an dearcadh is ábhartha agus is ionadaíche ar ghníomhaíochtaí iarbhír a gcuideachtaí infheistiúcháin.

I gcás fochuideachta a bhfuil máthairghnóthas nó máthairghnóthas deiridh aici a thuairiscíonn KPInna faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart neamhchosaint gnóthais airgeadais ar an bhfochuideachta sin a áireamh in uimhreoir KPInna ábhartha an ghnóthais airgeadais sin. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais KPI na fochuideachta arna nochtadh ag a máthairchuideachta nó a máthairchuideachta deiridh a úsáid nó, i gcás nach bhfuil KPI na fochuideachta ar fáil, KPInna an mháthairghnóthais tuairiscithe is gaire chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí gnóthais airgeadais ar an bhfochuideachta sin i gcomhréir leis an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

I gcás neamhchosaintí ar fhochuideachta máthairghnóthais a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19a den Treoir Chuntasaíochta, ach i gcás ina bhfuil an fhochuideachta sin díolmhaithe ó thuairisciú inbhuanaitheachta ar an leibhéal aonair ar an bhforas go ndéanann a máthairghnóthas amhlaidh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 19a(9) den Treoir Chuntasaíochta, ba cheart do ghnóthais airgeadais KPI na fochuideachta arna nochtadh ag a mháthairchuideachta a úsáid san fhaisnéis chomhthéacsúil.

Chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí ó ionstraimí agus iasachtú i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart don ghnóthas airgeadais tuairiscithe measúnú a dhéanamh ar mhéid ailíniú Tacsanomaíochta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus na sócmhainní eacnamaíocha a mhaoinítear i gcomhréir le forálacha ábhartha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh.

b. *Neamhchosaintí ar Eintitis Shainchuspóireacha*

14. **Cén chaoi ar cheart neamhchosaintí ar eintitis shainchuspóireacha ('ESCanna') a láimhseáil? An gá do ghnóthais airgeadais measúnú a dhéanamh ar iasachtú speisialaithe/maoiniú tionscadail chun críche tuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht?**

Tá sé beartaithe le hoibleagáidí nochta na ngnóthas airgeadais faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh go soláthrófar faisnéis maidir lena mhéid atá gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á gcistiú ag a n-infheistíochtaí nó ag a maoiniú. Is é sin, chun críoch na nochtaí a cheanglaítear leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, gur cheart do ghnóthais airgeadais féachaint ar a gcuid infheistíochtaí agus sócmhainní chun measúnú a dhéanamh ar na gnóthais infheistiúcháin sin arb iad na tairbhithe deiridh iad agus ar a ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an tacsanomaíocht.

Ba cheart do ghnóthais airgeadais a áireamh ina measúnú Tacsanomaíochta neamhchosaintí ar ESCanna lena maoinítear eintitis atá faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta nó a bhaineann le grúpa i gcás ina bhfuil máthaireintiteas an ESC faoi réir Airteagal 29a den Treoir sin ar leibhéal grúpa comhdhlúite ([30]).

Tugann sé sin le tuiscint le haghaidh iasachtú agus infheistíochtaí, i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, gur cheart do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as KPInna an ghnóthais arb é tairbhí deiridh an mhaoinithe é nó, i gcás nach bhfuil na KPInna sin ar fáil, as KPInna a mháthairghnóthais tuairiscithe chun a neamhchosaint ar an ESC sin a mheasúnú. Maidir le maoiniú agus infheistíochtaí i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais ailíniú Tacsanomaíochta na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a mhaoinítear trí ESC a chur san áireamh chun a neamhchosaint ar an ESC sin a mheasúnú (féach an freagra ar cheist 3 den Fhógra seo).

Chun críoch nochtaí ar mhiondealuithe ar uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta de réir an chineáil eisitheora/contrapháirtí, ba cheart do ghnóthais airgeadais neamhchosaintí den sórt sin a áireamh i rónna iomchuí a dteimpléad tuairiscithe Tacsanomaíochta faoi seach. Ba cheart na miondealuithe sin a bheith ag comhfhreagairt don chineál eintiteas a bhfuil a gcuid KPInna á gcur i bhfeidhm ag an ngnóthas airgeadais maidir leis an neamhchosaint sin, nó a bhfuil a sócmhainní á maoiniú.

Más gnóthas é an tairbhí deiridh nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta nó mura bhfuil a mháthairghnóthas deiridh faoi réir na nAirteagal sin, ba cheart neamhchosaintí i leith ESCanna a eisiamh ó uimhreoir KPInna gnóthas airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh cé is moite de bhannaí agus neamhchosaintí ar urrúis fiachais dá dtagraítear in Airteagal 7(4) den Ghníomh Tarmligthe sin. Mar sin féin, d'fhéadfaí ailíniú Tacsanomaíochta na neamhchosaintí sin a thuairisciú ar bhonn deonach.

c. *Údaráis phoiblí*

15. **Cén chaoi ar cheart déileáil le neamhchosaintí gnóthas airgeadais ar rialtais réigiúnachaagus ar eintitis atá faoi rialú Stát?**

Ní eisiatar ó ríomh uimhreoir agus ainmneoir KPInna na ngnóthas airgeadais le hAirteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ach neamhchosaintí ar rialtais láir, ar bhainc cheannais agus ar eisitheoirí fornáisiúnta. Áirítear leis an tagairt do rialtais láir ranna riaracháin uile an Stáit agus na gníomhaireachtaí lárnacha eile a síneann a n-inniúlacht de ghnáth feadh chríoch eacnamaíoch iomlán an Stáit áirithe. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis an eisiamh sin neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha, bardais nó gnóthais arb iad a n-úinéirí nó a scairshealbhóirí iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([30]) Má tá roinnt gnóthas á maoiniú ag ESC, ba cheart an neamhchosaint i leith an ESC a áireamh in uimhreoir KPInna gnóthas airgeadais i gcás ESC atá á chomhdhlúthú ag gnóthas maoinithe amháin ar a laghad atá faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta.

Dá bhrí sin, ba cheart ionstraimí airgeadais nó iasachtú, i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, lena maoinítear údaráis phoiblí réigiúnacha agus áitiúla a áireamh in uimhreoir KPInna gnóthas airgeadais a mhéid atá na hionstraimí nó an t-iasachtú ailínithe le Tacsanomaíocht. Ba cheart a áireamh in ainmneoir KPInna gnóthas airgeadais na hionstraimí nó an t-iasachtú uile, i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, lena maoinítear na húdaráis sin. Mar sin féin, ba cheart iasachtú nó maoiniú, i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, a eisiamh ó uimhreoir KPInna gnóthas airgeadais.

d. *Gnóthais AE agus gnóthais neamh-AE nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta*

16. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais a léiriú ina KPInna neamhchosaintí ar ghnóthais AE agus neamh-AE nach bhfuil faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta?**

Maidir le bannaí arna n-eisiúint ag gnóthais nach bhfuil faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, an bhfuil siad le heisiúint mar EuGB a bheidh le háireamh in uimhreoir GAR (Roinn 1.2.1.1., pointe (ii), d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh)?

Cén chaoi ar cheart measúnú a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais (iasachtaí) lena maoinítear na gnóthais sin i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas?

I gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, déantar neamhchosaintí ar ghnóthais (lena n-áirítear gnóthais neamh-AE) nach dtagann faoi Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, a eisiamh ó uimhreoir KPInna gnóthas airgeadais ach déantar iad a áireamh san ainmneoir. Déanfar athbhreithniú ar an ngnás sin i gcomhréir le hAirteagal 9 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Mar sin féin, luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 7(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh: *'Gan dochar do mhír 1, maidir le bannaí nó urrúis fiachais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arb é is cuspóir dóibh gníomhaíochtaí sainaitheanta sonracha arna n-eisiúint ag gnóthas infheistiúcháin a mhaoiniú, áireofar iad in uimhreoir KPInna suas le luach iomlán na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht atá á maoiniú ag fáltais na mbannaí agus na n-urrús fiachais sin, ar bhonn faisnéis arna soláthar ag an ngnóthas infheistiúcháin.'* Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais a áireamh in uimhreoir a KPInna fáltais bannaí nó urrús fiachais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de arb é is cuspóir dóibh gníomhaíochtaí agus sócmhainní sainaitheanta sonracha a mhaoiniú bíodh an t-eisitheoir ina ghnóthas atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta nó ná bíodh. Féadfar na bannaí sin atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a eisiúint mar EuGB nó i gcomhréir le caighdeáin agus tionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha.

Thairis sin, leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní chuirtear cosc ar ghnóthais airgeadais faisnéis dheonach nó meastacháin dheonacha a áireamh mar chuid de na nochtaí deonacha maidir le hailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar eintitis atá eisiata faoi láthair ó raon feidhme uimhreoir KPInna i gcomhréir le hAirteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ní mór i gcónaí an fhaisnéis sin a thuairisciú ar leithligh ón nochtadh sainordaitheach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ina theannta sin, le haghaidh bannaí agus ionstraimí fiachais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, féadfaidh gnóthais airgeadais meastacháin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí ar ghnóthais atá bunaithe i dtríú tír agus nach bhfuil faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta de bhun Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, faoi na coinníollacha a shonraítear in Airteagal 7(7) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

e. *Réadmhaoin*

17. **Conas is féidir léasanna réadmhaoine a láimhseáil agus KPInna á ríomh?**

Ag brath ar an gconradh léasa, déantar idirdhealú sna rialacha cuntasaíochta idir léas airgeadais agus léas oibriúcháin. Déileáiltear le léasú sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh de réir rialacha cuntasaíochta IFRS 16. I gcomhthéacs léasa airgeadais, aithníonn an léasaí an tsócmhainn léasaithe mar shócmhainn lena ngabhann ceart úsáide i dtús an chonartha léasa ([31]). Dá réir sin, áirítear le Roinn 1.1.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh breiseanna le sócmhainní lena ngabhann ceart úsáide in ainmneoir KPI CapEx an léasaí ós rud é gur breiseanna iad le sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe.

([31]) Aithníonn an léasaí freisin dliteanas léasa atá cothrom le glanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Le linn an léasa, roinneann an léasaí íocaíochtaí léasa idir laghdú ar an dliteanas léasa agus speansas úis ar an dliteanas léasa. Tugann an léasaí cuntas ar speansas úis ar an dliteanas léasa agus ar dhímheas na sócmhainne léasaithe mar chostais.

I gcomhréir le IFRS 16, ar an dáta tosaithe, ba cheart do léasóir sócmhainní arna sealbhú faoi léas airgeadais a aithint ina ráiteas maidir le riocht airgeadais agus iad a chur i láthair mar infháltas ag méid atá cothrom leis an nglaninfheistíocht sa léas, i.e. glanluach láithreach na n-íocaíochtaí léasa. Dá réir sin, chun críche KPInna na Tacsanomaíochta, ba cheart do ghnóthais airgeadais a sholáthraíonn léasanna airgeadais caitheamh le sócmhainní arna sealbhú faoi léas airgeadais mar neamhchosaint (iasacht & airleacan) i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, agus iad a áireamh in ainmneoir a GAR. Ba cheart dóibh iad a áireamh in uimhreoir a GAR a mhéid atá na sócmhainní léasaithe ailínithe leis an Tacsanomaíocht (féach freisin an freagra ar cheist 1 den Fhógra seo) ([32]).

Chun críocha a KPInna maidir le Tacsanomaíocht, ba cheart do pháirtithe i léasanna réadmhaoine breithniú a dhéanamh ar an mbealach a dtugann siad cuntas ar an tsócmhainn ina ráitis airgeadais. Cumhdaítear réadmhaoin ar léas freisin i gcód NACE L68 a luaitear i Roinn 7.7.('Fáil agus úinéireacht foirgneamh') den Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

18. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais tuairisciú a dhéanamh ar infheistíochtaí i sócmhainní réadmhaoine nach ndéantar a chomhthaobhú le réadmhaoin chónaithe?**

Sonraítear i Roinn 1.2.1.3. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh neamhchosaintí institiúidí creidmheasa ar shócmhainní réadmhaoine a dhéantar iad a chomhthaobhú le réadmhaoin chónaithe. Ba cheart a áireamh sa ríomh sin freisin iasachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála agus réadmhaoine dá dtagraítear i Roinn 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid a mbeidh socruithe coibhéiseacha ag gabháil leo maidir le comhthaobhú ag réadmhaoin chónaithe (e.g. morgáiste), amhail iasachtaí a mbeidh ráthaíochtaí tríú páirtí leo. Ina theannta sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais na neamhchosaintí réadmhaoine seo a leanas a thuairisciú:

— Institiúidí creidmheasa: comhthaobhacht réadmhaoine athshealbhaithe (Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, Roinn 1.2.1.5.);

— Bainisteoirí sócmhainní, gnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus athárachais: infheistíochtaí i réadmhaoin a mhéid a mhaoiníonn siad agus sa chion ina maoiníonn siad gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht (féach go háirithe Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, Roinn 1.1., an ceathrú mír; Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, Roinn 2.4., an séú mír; Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, Roinn 1, an seachtú mír)

Ba cheart na luachanna a thaifeadtar san uimhreoir agus san ainmneoir a bheith i gcomhréir le haicmiú cuntasaíochta na n-infheistíochtaí sin.

19. **Is do chritéir foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de (NZEB), ar critéir iad a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, a thagraítear sna critéir le haghaidh rannchuidiú substaintiúil le CCM i Roinn 7.1. ('Tógáil foirgneamh nua') agus i Roinn 7.7 ('Fáil agus úinéireacht foirgneamh') den Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. Nuair a athraíonn Ballstát critéir NZEB, ar cheart do ghnóthais airgeadais athmheasúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na bhfoirgneamh a mhaoiníonn siad trí na critéir nua NZEB a chur san áireamh?**

Ba cheart. Is do cheanglais NZEB, a shainítear ar an leibhéal náisiúnta, a thagraíonn na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i Ranna 7.1. agus 7.7. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid. Dá bhrí sin, maidir leis an marthanú a shonraítear in Airteagal 7(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, níl feidhm aige i gcás ina leasaítear na critéir scagtha theicniúla nuair a athraíonn Ballstát na critéir NZEB ina dhlínse. Dá bhrí sin, ón uair a thiocfaidh athruithe ar na critéir NZEB sin i bhfeidhm, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí na ngnóthas airgeadais ar na sócmhainní réadmhaoine ábhartha chun a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht a éileamh (féach freisin ceist 152 san Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid).

20. **Chun measúnú a dhéanamh ar an ailíniú leis an Tacsanomaíocht faoi Roinn 7.7. ('Fáil agus úinéireacht foirgneamh') d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, ní mór lipéad Deimhniú Feidhmíochta Fuinnimh (EPC), aicme A, ar a laghad a bheith ag foirgnimh a tógadh roimh an 31 Nollaig 2020 nó iad a bheith *'laistigh den 15 % is fearr den stoc foirgneamh náisiúnta nó réigiúnach arna chur in iúl mar Éileamh ar Fhuinneamh Príomhúil (PED) oibríochtúil agus arna léiriú le fianaise leordhóthanach'*. Ar an gcuma chéanna, sna critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochta faoi Roinn 7.2.('Foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú') d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, déantar foráil maidir le dhá TSC le haghaidh rannchuidiú substaintiúil le CCM. An bhféadfaí an dá chritéar sin a úsáid go comhuaineach chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na ngníomhaíochtaí faoi seach?**

([32]) Ba cheart don léasóir ioncam airgeadais a aithint i gcaitheamh théarma an léasa, bunaithe ar phatrún a léiríonn ráta toraidh tréimhsiúil seasmhach ar ghlaninfheistíocht an léasóra sa léas. Féachann léasóir le hioncam airgeadais a leithdháileadh ar feadh théarma an léasa ar bhonn córasach réasúnach. Ba cheart do léasóir na híocaíochtaí léasa a bhaineann leis an tréimhse a chur i bhfeidhm in aghaidh na hinfheistíochta comhláine sa léas chun an phríomhshuim agus an t-ioncam airgeadais neamhthuillte araon a laghdú.

Le pointe (1) de Roinn 7.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid a bhaineann leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh rannchuidiú substaintiúil le CCM, déantar foráil maidir le dhá chritéar scagtha theicniúla chun measúnú a dhéanamh ar an ailíniú leis an Tacsanomaíocht le haghaidh foirgnimh a tógadh roimh an 31 Nollaig 2020. Ar an gcuma chéanna, le Roinn 7.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid a bhaineann leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh rannchuidiú substaintiúil le CCM déantar foráil maidir le dhá chritéar scagtha theicniúla chun measúnú a dhéanamh ar an ailíniú leis an Tacsanomaíocht le haghaidh athchóiriú foirgneamh. Féadfaidh gnóthais airgeadais a roghnú aon cheann den dá chritéar scagtha theicniúla a chur i bhfeidhm, ach níor cheart dóibh na neamhchosaintí céanna a áireamh faoi dhó in uimhreoir na KPInna ábhartha i gcás ina gcomhlíonann foirgneamh an dá chritéar scagtha theicniúla. Mar shampla, i gcás na gníomhaíochta 'Fáil agus úinéireacht foirgneamh' i roinn 7.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, tugtar le tuiscint leis sin:

— gur féidir neamhchosaint ar fhoirgneamh gan lipéad aicme A EPC a áireamh in uimhreoir an KPI ar an bhforas go gcomhlíonann sé critéar an 15 % is fearr, agus

— nach féidir neamhchosaint ar fhoirgneamh a bhfuil lipéad aicme A EPC aige a áireamh faoi dhó in uimhreoir an KPI ar an bhforas go gcomhlíonann sé critéar an 15 % is fearr freisin.

21. **A mhéid a bhaineann le critéar an 15 % is fearr maidir le rannchuidiú substaintiúil le CCM a liostaítear i Roinn 7.7. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, arbh é a bheadh i gconclúid go bhfuil foirgnimh a tógadh tar éis bliain áirithe i measc an 15 % is fearr meastachán nach bhféadfadh a bheith in úsáid ach ag institiúidí creidmheasa le haghaidh tuairisciú deonach?**

Leis na critéir scagtha theicniúla a liostaítear i bpointe 1 de Roinn 7.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid ceanglaítear an méid seo a leanas: *'fianaise leordhóthanach, a dhéanann comparáid ar a laghad idir feidhmíocht na sócmhainne ábhartha agus feidhmíocht an stoic náisiúnta nó réigiúnaigh arna thógáil roimh an 31 Nollaig 2020 agus a dhéanann idirdhealú ar a laghad idir foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe'* i gcás ina n-úsáidtear an rogha *'15 % is fearr den stoc foirgneamh náisiúnta nó réigiúnach'*.

I ndáil leis sin, sonraítear an méid seo a leanas sa fhreagra ar cheist 149 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid:

'Níl rialacha sonracha ann maidir leis an 15 % nó an 30 % is fearr den stoc foirgneamh a shainiú, cé is moite de na ceanglais go dtagrófar don stoc foirgneamh náisiúnta nó réigiúnach á chur in iúl mar Éileamh ar Fhuinneamh Príomhúil (PED) oibríochtúil, agus go ndéanfar idirdhealú idir foirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe ar a laghad.

In éagmais EPC ábhartha, is féidir staidéar teicniúil a dhéanamh chun meastachán a dhéanamh ar an tairseach ábhartha le haghaidh an 15 % is fearr den stoc foirgneamh náisiúnta (nó réigiúnach) i ndáil leis an gcatagóir foirgneamh sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis le fáil ó bhunachair sonraí náisiúnta nó ó staidéir arna ndéanamh ag eagraíochtaí áirithe (e.g. an Chomhairle Dhomhanda um Fhoirgniú Glas).

In aon chás ina bhfuil staidéar den sórt sin ar fáil go poiblí, is féidir é a úsáid. I gcás nach bhfuil aon staidéar ar fáil, ní mór é a dhéanamh.'

Luaitear sa fhreagra ar cheist 151 san Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, a mhéid a bhaineann le húsáid faisnéise faoi bhliain tógála foirgneamh agus rialacháin tógála, *'nach féidir athróga ionadacha a úsáid, amhail an bhliain inar tógadh an foirgneamh.'*

Dá bhrí sin, is meastachán é úsáid na bliana inar tógadh foirgneamh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil, ar meastachán é nach féidir a úsáid ach amháin le haghaidh tuairisciú deonach. Féadfar meastacháin ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht a nochtadh ar bhonn deonach ar leithligh ó na KPInna sainordaitheacha, mar aon leis an modheolaíocht a úsáideadh chun na meastacháin sin a ríomh.

22. **Chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht faoi Roinn 7.7. ('Fáil agus úinéireacht foirgneamh') d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, i gcás ina ndéanann institiúid creidmheasa dáileadh náisiúnta aitheanta A-lipéad EPC a eachtarshuí chuig a punann morgáistí féin i limistéar geografach, agus nach n-úsáideann sí an fhaisnéis óna morgáiste féin ach go mbraitheann sí go hiomlán ar shonraí ó fhoinsí seachtracha gan aon dearbhú breise maidir leis na sonraí seachtracha, ar mheastachán é sin nach bhféadfaí a úsáid ach amháin le haghaidh tuairisciú deonach?**

Bheadh eachtarshuíomh maidir le comhdhéanamh EPC punainne morgáistí a bhunaítear ar staidreamh náisiúnta amháin ina mheastachán chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na punainne morgáistí nach féidir a chur san áireamh in KPInna gnóthas airgeadais. Mar shampla, i gcás ina léiríonn staidreamh náisiúnta go mbaineann sciar áirithe d'fhoirgnimh a tógadh roimh an 31 Nollaig 2020 le haicme A EPC, ní thugtar le tuiscint leis sin go mbaineann an cion céanna go huathoibríoch le punann morgáistí. Mar sin féin, féadfar meastacháin a nochtadh ar bhonn deonach ar leithligh ó na KPInna sainordaitheacha mar aon leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na meastacháin sin a ríomh.

23. **Má ghlacann institiúid creidmheasa leis maidir le foirgnimh a bhfuil aicme A EPC acu atá imithe in éag agus arb é atá iontu comhthaobhacht morgáistí cónaithe ina punann, go bhfuil siad laistigh den 15 % is fearr den stoc foirgneamh náisiúnta nó réigiúnach arna chur in iúl mar éileamh ar fhuinneamh príomhúil (PED) oibríochtúil, ar mheastachán é sin nach bhféadfaí a úsáid ach amháin le haghaidh tuairisciú deonach?**

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh fós i ndáil le foirgnimh ag a bhfuil lipéad aicme A EPC atá imithe in éag féachaint an gcomhlíonann siad critéar an 15 % is fearr a liostaítear i mír (1) de Roinn 7.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, má thugtar bunús 'fianaise leordhóthanach' bhreise mar a cheanglaítear le TSC mar a mhínítear a thuilleadh sna freagraí ar cheisteanna 149 go 151 den Fhógra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

Má ghlactar leis go bhfuil foirgnimh a bhfuil lipéid aicme A EPC atá imithe in éag acu i réim feidhmíochta an 15 % is fearr go huathoibríoch, níor leor an méid sin as féin chun a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht a dhearbhú agus chun iad a áireamh in uimhreoir na KPInna ábhartha. Féadfar meastacháin ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht a nochtadh ar bhonn deonach, áfach, ar leithligh ó na KPInna sainordaitheacha, mar aon leis an modheolaíocht a úsáidtear chun na meastacháin sin a ríomh.

24. **Ar cheart d'institiúid creidmheasa a dheonaíonn iasacht mhorgáiste chun foirgneamh a thógáil measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na hiasachta sin de réir na gcritéar i Roinn 7.1. ('Tógáil foirgneamh nua') nó i Roinn 7.7. ('Fáil agus úinéireacht foirgneamh') den Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid?**

Ba cheart d'institiúid creidmheasa gaol conarthach a cliaint maidir leis an bhfoirgneamh a mheas.

I gcás ina mbaineann conradh an chliaint le foirgneamh nua a thógáil, ba cheart do na hinstitiúidí creidmheasa measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint de réir na gcritéar i Roinn 7.1 den Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

I gcás inar conradh ceannaigh é conradh an chliaint, ba cheart don institiúid creidmheasa measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint de réir na gcritéar i Roinn 7.7 den Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

f. *Ionstraimí airgeadais (díorthaigh, urrúsuithe, nótaí struchtúrtha agus bannaí faoi chumhdach)*

25. **Conas a láimhseáiltear díorthaigh sa Chóimheas Sócmhainní Glasa iomlán don leabhar baincéireachta agus sa Chóimheas Sócmhainní Glasa don phunann trádála?**

Faoi Airteagal 7(2) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní mór do ghnóthais airgeadais díorthaigh a eisiamh ó uimhreoir a n-eochairtháscairí feidhmíochta.

Faoi phointe 1.1.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, eisiatar díorthaigh i leabhar baincéireachta institiúidí creidmheasa ón uimhreoir ach áirítear iad in ainmneoir an Chóimheasa Sócmhainní Glasa iomláin don leabhar baincéireachta.

Eisiatar neamhchosaintí sa leabhar trádála (lena n-áirítear díorthaigh) ó chumhdach an Chóimheasa Sócmhainní Glasa iomláin (i.e. ón uimhreoir agus ón ainmneoir) toisc go ndéantar measúnú orthu in eochairtháscaire feidhmíochta ar leithligh, is é sin an Cóimheas Sócmhainní Glasa le haghaidh na punainne trádála, i gcomhréir le pointe 1.2.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Eisiatar díorthaigh ón uimhreoir ach áirítear iad in ainmneoir an Chóimheasa Sócmhainní Glasa le haghaidh na punainne trádála i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

26. **Ar cheart díorthaigh in ainmneoir KPI na sócmhainní faoi bhainistíocht (AuM) a ríomh mar ghlansuíomh (is é sin, mar shócmhainní díorthacha arna bhfritháireamh ag dliteanais dhíorthacha), nó mar shócmhainní díorthacha amháin?**

Leagtar síos i Roinn 1.2.2.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh maidir le cóimheas glas le haghaidh sócmhainní faoi bhainistíocht (KPI AuM) gurb ionann an mhodheolaíocht chun KPI AuM a ríomh agus an mhodheolaíocht le haghaidh bainisteoirí sócmhainní i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

I Roinn 1.2. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, a bhfuil feidhm aici maidir le ríomh an ainmneora, ní leagtar síos aon riail maidir le glanluacháil. I gcomhréir le Roinn 1.2. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart gurb é a bheadh san ainmneoir luach na sócmhainní uile faoi bhainistíocht (AuM) gan neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a eascraíonn as gníomhaíochtaí bainistithe punainne comhchoiteanna agus aonair araon de chuid bainisteoirí sócmhainní. Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais gach AuM a áireamh in ainmneoir a KPInna, lena n-áirítear gach suíomh sócmhainní díorthach gan aon dliteanas díorthach a fhritháireamh, ach amháin má cheadaítear sin faoi IFRS (féach freisin an freagra ar cheist 25 den Fhógra seo) ([33]).

27. **Cén chaoi ar cheart ailíniú tacsanomaíochta ionstraimí amhail urrúsuithe, nótaí struchtúrtha agus bannaí faoi chumhdacha thuairisciú agus a mheasúnú?**

I gcomhréir le Roinn 1.1. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart cur chuige na trédhearcachta a chur i bhfeidhm maidir le hurrúsúcháin ([34]). I gcás urrúsúcháin, sreabhann na híocaíochtaí uile ó na féichiúnaithe foluiteacha tríd an ESC urrúsúcháin chuig na hinfheisteoirí in ESC.

— *Níor cheart don tionscnóir/don bhanc* na sócmhainní foluiteacha (i.e. iasachtaí) a dhíoltar leis an ESC urrúsúcháin a áireamh ina KPI ós rud é, i gcás urrúsúcháin, nach bhfuil úinéireacht dhlíthiúil ná eacnamaíoch ag an tionscnóir/ag an mbanc níos mó ar na sócmhainní sin agus nach n-iompraíonn sé na sócmhainní sin ar a chlár comhardaithe. Níor cheart ach iasachtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht agus atá ar chlár comhardaithe an tionscnóra a áireamh in KPI an tionscnóra.

— Ba cheart don *infheisteoir* sna hurrúis arna n-eisiúint ag ESC urrúsúcháin breathnú ar a neamhchosaint ar an ESC agus measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na sócmhainní foluiteacha, agus úsáid a bhaint, de réir mar is iomchuí, as an modh a bhaineann leis na neamhchosaintí arb eol úsáid na bhfáltas ina leith nó as KPI an fhéichiúnaí i gcás maoiniú ilchuspóireach. Ba cheart don infheisteoir a neamhchosaint ar urrúsúcháin a áireamh in uimhreoir a GAR a mhéid a mhaoiníonn sócmhainní foluiteacha an ESC urrúsúcháin sócmhainní atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Maidir le neamhchosaintí eile ar ESCanna, amhail comhfhiontair nó idirbhearta a bhaineann le réadmhaoin, mar shampla, déantar tagairt don fhreagra ar cheist 13 sa dara doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin; tugtar treoraíocht bhreise ansin maidir le tuairisciú Tacsanomaíochta i gcásanna den sórt sin.

Nótaí struchtúrtha

Beidh an tuairisciú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht ag brath ar struchtúr an nóta. I gcás inar féidir an ionstraim a aicmiú mar bhanna nó mar ionstraim fiachais i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, tuairisceofar í mar ionstraim atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht a mhéid a mhaoiníonn na fáltais gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. I gcás ionstraim ar banna nó ionstraim fiachais í agus nach eol úsáid na bhfáltas, beidh a hailíniú leis an Tacsanomaíocht ag brath ar KPI eisitheoir an nóta struchtúrtha.

Bannaí faoi chumhdach

Is é atá i mbannaí faoi chumhdach, bannaí a comhthaobhaíodh le sócmhainní sonracha ar chlár comhardaithe eisitheoir na mbannaí sin agus a thugann cosaint i gcás fhéimheacht an eisitheora sin. Murab ionann agus urrúsú, coinníonn eisitheoir na mbannaí faoi chumhdach, go dtí a fhéimheacht, úinéireacht dhlíthiúil agus eacnamaíoch na sócmhainní a fhónann mar chomhthaobhacht don bhanna faoi chumhdach, agus is chuig eisitheoir na mbannaí faoi chumhdach a shreabhann na híocaíochtaí uile ó na féichiúnaithe foluiteacha. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an tuairisciú ar ailíniú Tacsanomaíochta bannaí faoi chumhdach:

— *an t-eisitheoir/an banc tionscnaimh* – ós rud é go gcoinnítear na sócmhainní (e.g. iasachtaí) a úsáidtear mar chomhthaobhacht le haghaidh an bhanna faoi chumhdach ar chlár comhardaithe eisitheoir an bhanna faoi chumhdach, ba cheart d'eisitheoir an bhanna faoi chumhdach ailíniú Tacsanomaíochta na sócmhainní sin a úsáidtear mar chomhthaobhacht a nochtadh ar an mbealach céanna lena shócmhainní eile uile ar an gclár comhardaithe ([35]); agus

— *an t-infheisteoir* – maidir le bannaí faoi chumhdach i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, ba cheart don infheisteoir KPI eisitheoir na mbannaí faoi chumhdach a úsáid chun uimhreoir a KPI féin a ríomh agus, i gcás bannaí faoi chumhdach i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart don infheisteoir measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á maoiniú ag na fáltais.

([33]) Ar an gcuma chéanna, i gcás suíomhanna gearra, dá bhrí sin, cumhdaítear leis an ainmneoir gach sócmhainn faoi bhainistíocht gan dliteanais suímh ghearr a fhritháireamh, ach amháin i gcás ina gceadaítear sin faoi IFRS.

([34]) Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an freagra ar cheist 13 den Dara Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin.

([35]) Ba cheart na sócmhainní faoi chumhdach uile a áireamh sa mheasúnú ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht in KPInna gnóthas airgeadais, bíodh na sócmhainní sin in úsáid mar chomhthaobhacht ag gnóthais tuairiscithe nó ná bíodh.

g. *Neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuireann le hilchuspóirí comhshaoil*

28. **An gá do ghnóthais airgeadais gach teimpléad in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a nochtadh i gcás nach ndéanann siad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i dTeimpléad 1 den Iarscríbhinn sin a chur i gcrích nó a chistiú nó nach bhfuil neamhchosaintí acu orthu?**

I gcás gnóthais airgeadais nó neamhairgeadais nach ndéanann gníomhaíocht dá dtagraítear in aon cheann de rónna 1 go 6 de Theimpléad 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chur i gcrích ná a chistiú, nó nach bhfuil neamhchosaintí acu uirthi, ba cheart dóibh 'Níl' a chur i rónna comhfhreagracha an teimpléid sin agus féadfaidh siad gan na rónna comhfhreagracha i dTeimpléid 2 go 5 den Iarscríbhinn sin a nochtadh, le haghaidh a KPInna is infheidhme faoi seach. Dá bhrí sin, maidir le gnóthais nach ndéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i rónna 1 go 6 de Theimpléad 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chur i gcrích ná a chistiú nó nach bhfuil neamhchosaintí acu orthu, féadfaidh siad gan Teimpléid 2 go 5 den Iarscríbhinn sin a nochtadh, le haghaidh a KPInna is infheidhme faoi seach.

29. **Maidir le gnóthais, cad iad na KPInna is infheidhme ar ina leith ba cheart nochtadh a dhéanamh ar theimpléid in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?**

Maidir le gnóthais neamhairgeadais, is iad na KPInna is infheidhme na KPInna láimhdeachais, CapEx agus OpEx dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

I gcás bainisteoirí sócmhainní, is iad na KPInna is infheidhme na KPInna dá dtagraítear in Iarscríbhinn III agus sa chéad ró den teimpléad in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Maidir le hinstitiúidí creidmheasa, is iad na KPInna seo a leanas is infheidhme: an stoc iomlán GAR agus an sreabhadh iomlán GAR, KPInna le haghaidh neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe, KPInna maidir le seirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C), agus GAR le haghaidh na punainne trádála dá dtagraítear, faoi seach, i Ranna 1.2.1., 1.2.2., 1.2.3. agus 1.2.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus sa cheathrú agus sa chúigiú colún de theimpléad '0. Achoimre ar KPInna' in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Maidir le gnólachtaí infheistíochta, is iad na KPInna is infheidhme na KPInna dá dtagraítear i Ranna 2 agus 3 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus i gcolúin a ceathair agus a cúig de theimpléad '0. Achoimre ar KPInna' in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Maidir le gnóthais árachais agus athárachais, is iad na KPInna is infheidhme na KPInna dá dtagraítear i Roinn 1 agus, i gcás inarb infheidhme, i Roinn 2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus sa chéad ró den teimpléad 'Cion infheistíochtaí an ghnóthais árachais nó athárachais a dhírítear ar mhaoiniú, nó a bhaineann le gníomhaíochtaí ailínithe le Tacsanomaíocht i ndáil le hinfheistíochtaí iomlána' agus, i gcás inarb infheidhme, ró 'A.1. Gníomhaíochtaí frithgheallta árachais agus athárachais neamhshaoil atá ailínithe le Tacsanomaíocht (inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de)' den teimpléad 'KPI an fhrithgheallta le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais neamhshaoil' d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

30. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais an fhaisnéis a ríomh de bhun Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i gcás ina ndéanann a gcontrapháirtithe na gníomhaíochtaí dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin a chur i gcrích nó a chistiú nó ina bhfuil siad neamhchosanta orthu?**

Ba cheart do ghnóthais airgeadais méideanna a neamhchosaintí agus na cionmhaireachtaí arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe de bhun Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a úsáid chun an fhaisnéis a bheidh le nochtadh de bhun na hIarscríbhinne sin a ríomh.

31. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais airgeadais miondealuithe ar a KPInna in aghaidh na gcuspóirí comhshaoil a ríomh?**

Neamhchosaintí ar ghnóthais neamhairgeadais

Maidir le neamhchosaintí ar ghnóthais neamhairgeadais, i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais an miondealú de réir cuspóra seo a leanas a úsáid:

— KPInna láimhdeachais arna nochtadh ag na gnóthais neamhairgeadais sa ró 'Láimhdeachas gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ailínithe le Tacsanomaíocht) (A.1)' in 'Teimpléad: Cion an láimhdeachais ó tháirgí nó ó sheirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le Tacsanomaíocht – nochtadh a chumhdaíonn bliain N' in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun miondealú de réir cuspóra a gcuid KPInna bunaithe ar láimhdeachas a ríomh; agus

— KPInna CapEx arna nochtadh ag na gnóthais neamhairgeadais sa ró ‘CapEx gníomhaíochtaí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (ailínithe le Tacsanomaíocht) (A.1)’ in ‘Teimpléad: Cion CapEx ó tháirgí nó ó sheirbhísí a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe le Tacsanomaíocht – nochtadh a chumhdaíonn bliain N’ in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh chun miondealú de réir cuspóra a gcuid KPInna bunaithe ar CapEx a ríomh ([36]).

Maidir le neamhchosaintí, i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais iad a chur síos don chuspóir comhshaoil ábhartha. I gcás ina bhfuil an neamhchosaint chéanna ábhartha le haghaidh dhá chuspóir comhshaoil nó níos mó, ba cheart do ghnóthais airgeadais í a chur síos don chuspóir is ábhartha bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an contrapháirtí neamhairgeadais. Ní cheadaítear áireamh dúbailte.

Neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais

Maidir le neamhchosaintí ar ghnóthais airgeadais, i gcás nach eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais an miondealú de réir cuspóra seo a leanas a úsáid:

— na KPInna láimhdeachais arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe chun miondealú de réir cuspóra a gcuid KPInna bunaithe ar láimhdeachas a ríomh; agus

— na KPInna CapEx arna nochtadh ag a gcontrapháirtithe chun miondealú de réir cuspóra a KPInna bunaithe ar CapEx a ríomh ([37]).

Maidir le neamhchosaintí, i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais í a chur síos don chuspóir comhshaoil ábhartha. I gcás ina bhfuil an neamhchosaint chéanna ábhartha le haghaidh dhá chuspóir comhshaoil nó níos mó, ba cheart do ghnóthais airgeadais í a chur síos don chuspóir is ábhartha bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an contrapháirtí airgeadais. Ní cheadaítear áireamh dúbailte.

F. *FÍORÚ/DEARBHÚ/FIANAISE GUR COMHLÍONADH TSC*

32. **Cé na sonraí ionchuir agus KPInna nach bhfuil aon fhaisnéis a thuairiscítear go seachtrach ar fáil ina leith ba cheart a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí gnóthas airgeadais?**

Faoi Airteagal 8(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ceanglaítear ar ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as na sonraí agus as na KPInna is déanaí atá ar fáil óna gcontrapháirtithe chun a KPInna féin a ríomh. Dá bhrí sin, mura bhfuil aon sonraí nó KPInna ar fáil ag gnóthais airgeadais ón gcontrapháirtí chun a gcuid KPInna féin a ríomh nó mura bhfuil siad sin oiriúnach don fheidhm, ba cheart do ghnóthais airgeadais úsáid a bhaint as na sonraí nó KPInna is déanaí atá ar fáil agus a nochtadh sa bhliain/sna blianta roimhe sin. I gcás nach bhfuil sonraí agus KPInna den sórt sin ó bhlianta roimhe sin ar fáil ach oiread ([38]), ba cheart an neamhchosaint a mheas mar neamhchosaint neamh-incháilithe nó neamhailínithe le Tacsanomaíocht, i.e. ba cheart do ghnóthais airgeadais luach nialasach a iontráil in uimhreoir an KPI ábhartha le haghaidh na neamhchosaintí sin gan aon mheasúnú breise a dhéanamh.

Féadfaidh gnóthais airgeadais, agus dícheall cuí leormhaith á dhéanamh acu (féach freisin an freagra ar cheist 33 den Fhógra seo), úsáid a bhaint as sonraí a fhaightear go déthaobhach ó chontrapháirtí nach bhfuil faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, agus dá bhrí sin nach dtuairiscíonn KPInna Tacsanomaíochta ach oiread. Is cur chuige é sin atá ábhartha go háirithe chun GAR a ríomh maidir le neamhchosaintí miondíola lena gcumhdaítear réadmhaoin chónaithe nó iasachtaí le haghaidh athchóiriú tí, iasachtaí mótarfheithicle nó GAR maidir le neamhchosaintí ar rialtais áitiúla ([39]). Maidir le neamhchosaintí i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais fianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil a léiríonn gur comhlíonadh gach TSC a shonraítear faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch chomhfhreagrach sna Gníomhartha Tarmligthe faoi seach chun gur féidir iad a áireamh mar neamhchosaintí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Maidir le neamhchosaintí ar ghnóthais i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart do ghnóthais airgeadais a fhíorú freisin go gcomhlíonann na gnóthais sin na coimircí sóisialta íosta (féach freisin an freagra ar cheist 37 den Fhógra seo).

([36]) Ba cheart do ghnóthais airgeadais leanúint orthu ar bhealach den chineál céanna chun miondealú de réir cuspóra sa chatagóir ‘Lena n-áirítear: gníomhaíocht chumasúcháin’ dá gcuid KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx a ríomh trí leas a bhaint as an miondealú de réir cuspóra sa ró ‘Lena n-áirítear: gníomhaíocht chumasúcháin’ i dteimpléid láimhdeachais agus CapEx faoi seach a gcontrapháirtithe neamhairgeadais.

([37]) Ba cheart do ghnóthais airgeadais leanúint orthu ar bhealach den chineál céanna agus miondealú de réir cuspóra sa chatagóir ‘Lena n-áirítear: gníomhaíocht chumasúcháin’ dá gcuid KPInna bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx a ríomh trí úsáid a bhaint as miondealú de réir cuspóra chion ‘Lena n-áirítear: gníomhaíocht chumasúcháin’ KPInna a gcontrapháirtithe airgeadais bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx.

([38]) Go háirithe, is amhlaidh atá i gcás nach nochtar sa chéad timthriall tuairiscithe in 2024 ach cóimheas na hincháilitheachta don Tacsanomaíocht, agus nach nochtar cóimheas an ailínithe leis an Tacsanomaíocht, maidir le sócmhainní gnóthas airgeadais.

([39]) Mar sin féin, maidir le ríomh na GARanna thuasluaite, eisiatar gnóthais nach bhfuil faoi réir Airteagal 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta.

Faoi Airteagal 7(7) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ní cheadaítear do ghnóthais airgeadais meastacháin maidir le neamhchosaintí ar ghnóthais a úsáid sa tuairisciú rialála faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ar neamhchosaintí iad dá dtagraítear i bpointí (e) agus (f) d'Airteagal 7(6) den Ghníomh sin, ach amháin i gcás ina bhfuil na gnóthais airgeadais sin in ann a léiriú go bhfuil critéir uile Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 á gcomhlíonadh acu, seachas na critéir a leagtar síos in Airteagal 3, pointe (b) den Rialachán sin. Mar sin féin, d'fhéadfadh gnóthais airgeadais a roghnú meastachán a dhéanamh ar a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht agus an fhaisnéis sin a thuairisciú go deonach, ar leithligh óna nochtaí sainordaitheacha ([40]) (féach freisin na freagraí ar cheisteanna 16, 21, 22, 23, 36 agus 50 den Fhógra seo).

33. **I gcásanna maoiniúcháin inarb eol úsáid na bhfáltas, ar cheart coinne a bheith leis go ndéanfaidh gnóthas airgeadais athbhreithniú ar na doiciméid uile lena bhfianaítear comhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil nó ar cheart dó glacadh leis an measúnú ar an gcomhlíonadh sin, lena n-áirítear fíorú nó dearbhú, a chuireann an contrapháirtí isteach?**

Braitheann gnóthais airgeadais ar chruinneas na sonraí agus na fianaise a chuireann a gcontrapháirtithe ar fáil. Mar sin féin, ceanglaítear ar ghnóthais airgeadais freisin dícheall cuí leordhóthanach a dhéanamh dá bhforáiltear i dTreoracha 2009/65/CE ([41]), 2009/138/CE ([42]), agus 2011/61/AE ([43]), CRD, MiFID, agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad féin an dlí is infheidhme. Maidir le nochtaí arna soláthar ag gnóthais airgeadais agus atá i gcomhréir leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, is cuid iad i gcónaí den tuairisciú inbhuanaitheachta dá dtagraítear in Airteagail 19a agus 29a den Treoir Chuntasaíochta, agus dá bhrí sin ní mór iad a bheith iontaofa, inchomparáide agus ábhartha, i measc nithe eile. Mar shampla, i bpointe (i) de Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, maidir le hiasachtaí agus airleacain i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, luaitear an méid seo a leanas: '*Chun críocha phointe (1)(c)(1), i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, breithneoidh institiúidí creidmheasa oll-luach na neamhchosaintí de réir na leabhar ar an ngnóthas neamhairgeadais, lena n-áirítear neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, a mhéid a mhaoiníonn, agus de réir an chion a mhaoiníonn, siad gníomhaíocht eacnamaíoch atá ailínithe leis an tacsanomaíocht. Maidir leis an measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an ceanglas sin, bunófar é ar fhaisnéis arna soláthar ag an gcontrapháirtí maidir leis an tionscadal nó maidir leis na gníomhaíochtaí a gcuirfear na fáltais i bhfeidhm ina leith.*'

Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthais airgeadais a sheiceáil cé acu a áirítear nó nach n-áirítear san fhaisnéis arna soláthar ag a gcontrapháirtithe maidir le hailíniú Tacsanomaíochta gníomhaíochtaí eacnamaíocha fianaise dhoiciméadach leordhóthanach gur comhlíonadh na TSC aonair faoi seach. Mar shampla, i gcás ina maoinítear le neamhchosaint gnóthais airgeadais gníomhaíocht a leagtar amach i Roinn 7.7. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, ba cheart don institiúid creidmheasa a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil aicme A EPC ag an réadmhaoin, bunaithe ar an (gcóip den) deimhniú EPC a sholáthair an cliant, agus ba cheart di an fhianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil gur comhlíonadh na critéir uile i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Ní leor dearbhú ón gcliant, gan aon fhianaise thacaíochta, go gcomhlíonann an réadmhaoin atá i gceist an TSC a leagtar amach i Roinn 7.7. d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid chun teacht ar an gconclúid go bhfuil an réadmhaoin agus an neamhchosaint fholuiteach faoi seach ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Ar an gcuma chéanna, i gcás ina gceanglaíonn TSC fíorú ó thríú páirtí neamhspleách, ba cheart don institiúid creidmheasa (cóip den) tuarascáil fíorúcháin arna heisiúint ag an tríú páirtí neamhspleách a fháil. Níor leor dearbhú ann féin ón gcliant don ghnóthas airgeadais go ndearnadh an fíorú chun a thabhairt le fios go bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch ailínithe leis an Tacsanomaíocht. I gcás úsáid fáltas ó bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcás ina bhfíoraíonn tríú páirtí neamhspleách go bhfuil úsáid na bhfáltas ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ba cheart don institiúid creidmheasa cóip den tuarascáil fíorúcháin sin a fháil chun a dhearbhú di féin a mhéid atá gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á maoiniú ag a neamhchosaint. Is féidir an fhianaise chéanna a úsáid mar léiriú ar chomhlíonadh TSC le haghaidh roinnt neamhchosaintí lena mbaineann sí.

34. **An gá do ghnóthais airgeadais athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta a neamhchosaintí?**

Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí maidir le hailíniú Tacsanomaíochta neamhchosaintí, agus, i gcás inar gá, iad a athbhreithniú go bliantúil chun a áirithiú go n-áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta léargas cothrom ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht ghnó an ghnóthais, lena n-áirítear é a bheith i gcomhréir le TSC.

([40]) Leis an tuairisciú deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis shainordaitheach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ná mífhaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do nochtaí sainordaitheacha. I gcás ina bhfuil tuairisciú deonach san áireamh ag gnóthas, ba cheart mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin, na modhanna a úsáideadh lena ullmhú agus míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú sainordaitheach.

([41]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

([42]) Treoir 2009/138/CE (Sócmhainneacht II).

([43]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

De bhua an chlásail mharthanaithe in Airteagal 7(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh is infheidhme maidir le hiasachtaí sainchuspóireacha agus bannaí nó urrúis fiachais áirithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, má leasaítear TSC, d'fhéadfadh gnóthais airgeadais ailíniú Tacsanomaíochta na n-iasachtaí agus na n-ionstraimí sin a thuairisciú in éineacht leis an TSC leasaithe suas le 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an TSC leasaithe. Dá bhrí sin, ní gá comhlíonadh an TSC leasaithe a sheiceáil le linn na tréimhse marthanachta 5 bliana. Mar sin féin, moltar d'institiúidí airgeadais dul i mbun plé lena gcontrapháirtithe d'fhonn a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a ailíniú leis an TSC leasaithe le linn na hidirthréimhse sin.

35. **I gcás ina dtairgfidh institiúid creidmheasa, do ghnóthas neamhairgeadais faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, iasacht chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadal a beartaíodh a bheith i gcomhréir le TSC, an féidir leis an institiúid creidmheasa brath ar fhaisnéis arna bailiú ón gcontrapháirtí sin a bhaineann go sonrach leis an tionscadal sin, gan beann ar nochtaí foriomlána Tacsanomaíochta an chontrapháirtí?**

Luaitear an méid seo a leanas i bpointe (i) de Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i ndáil le hiasachtaí agus airleacain i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas: *'Chun críocha phointe (1)(c)(1), measfaidh institiúidí creidmheasa oll-luach na neamhchosaintí de réir na leabhar i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, lena n-áirítear neamhchosaintí ar iasachtú speisialaithe, ar an ngnóthas neamhairgeadais a mhéid a mhaoiníonn, agus an cion a mhaoiníonn, siad gníomhaíocht eacnamaíoch atá ailínithe leis an tacsanomaíocht. Maidir leis an measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an ceanglas sin, bunófar é ar fhaisnéis arna soláthar ag an gcontrapháirtí maidir leis an tionscadal nó maidir leis na gníomhaíochtaí a gcuirfear na fáltais i bhfeidhm ina leith.'*

Dá bhrí sin, maidir le measúnú na hinstitiúide creidmheasa ar a mhéid atá gníomhaíochtaí nó sócmhainní eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á maoiniú ag iasacht do ghnóthas neamhairgeadais faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart an measúnú sin a bheith bunaithe ar fhaisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ábhartha atá á maoiniú ag na fáltais, gan beann ar KPInna tuairiscithe an ghnóthais neamhairgeadais. Ní mór don institiúid creidmheasa, agus dícheall cuí leordhóthanach á dhéanamh aici, na sonraí riachtanacha uile agus an fhaisnéis riachtanach uile a bhailiú chun go mbeidh sí in ann meastóireacht a dhéanamh ar na TSCanna uile is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí nó na sócmhainní sin. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin fianaise dhoiciméadach leordhóthanach gur comhlíonadh TSCanna aonair faoi seach (féach freisin na freagraí ar cheisteanna 33 agus 36 den Fhógra seo).

36. **I gcás cliaint mhiondíola, an féidir le hinstitiúidí creidmheasa a fhíorú gur comhlíonadh TSC, go háirithe 'gan dochar suntasach a dhéanamh' le haghaidh oiriúnú, agus úsáid á baint as fianaise shonrach, e.g. deimhniúcháin intíre nó faisnéis san EPC)?**

Forordaítear le Roinn 1.2.1.3. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh dhá chatagóir nochtaí maidir le neamhchosaintí ar mhiondíol, mar atá:

— iasachtú réadmhaoine cónaithe i gcás ina gceanglaítear comhlíonadh TSC mar a leagtar síos i Ranna 7.1., 7.2., 7.3., 7.4., 7.5., 7.6. agus 7.7. d'Iarscríbhinn I nó d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid nó Ranna 3.1. agus 3.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol; agus

— miondíol – creidmheasanna/iasachtaí tomhaltais le haghaidh gluaisteán, i gcás inar gá an TSC a chomhlíonadh mar a leagtar síos i Roinn 6.5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

Maidir le neamhchosaintí den sórt sin ar mhiondíol, ba cheart d'institiúidí creidmheasa fianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil a léiríonn gur comhlíonadh gach TSC a shonraítear faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch chomhfhreagrach sna Gníomhartha Tarmligthe faoi seach (féach freisin na freagraí ar cheist 33 den Fhógra seo). Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir leis an measúnú i gcomhréir le critéir an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' ar mhaithe leis an gcuspóir maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Is féidir an fhianaise a fháil go díreach ón gcliant nó d'fhéadfadh sí a bheith i bhfoirm fíoruithe neamhspleácha agus iontaofa tríú páirtí nó athbhreithnithe seachtracha, lena n-áireofaí deimhnithe intíre ó údaráis phoiblí nó faisnéis in EPCanna. D'fhéadfaí brath ar fhianaise arna soláthar ag tríú páirtithe agus ag údaráis phoiblí chun comhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil a fhionnadh ach í a bheith sonrach agus baint dhíreach aici le neamhchosaintí foluiteacha institiúidí creidmheasa. Is féidir an fhianaise chéanna a úsáid mar léiriú ar chomhlíonadh TSC le haghaidh roinnt neamhchosaintí lena mbaineann sí.

In éagmais fianaise a bhaineann go sonrach le neamhchosaint, áfach, féadfar meastacháin ar ailíniú leis an Tacsanomaíocht a nochtadh ar bhonn deonach ar leithligh ó na KPInna sainordaitheacha mar aon leis an modheolaíocht a úsáidtear chun meastacháin den sórt sin a ríomh.

G. *COMHLÍONADH NA GCOIMIRCÍ ÍOSTA*

37. **An gá do ghnóthais airgeadais coimircí íosta a chomhlíonadh le linn dóibh a ngníomhaíochtaí a dhéanamh nó an ar leibhéal na cuideachta infheistiúcháin amháin atá comhlíonadh coimircí íosta ábhartha?**

An ceanglas sonrach chun na coimircí íosta faoi Airteagal 18 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chomhlíonadh, tá feidhm aige maidir leis an eintiteas a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch agus a mhaíonn go bhfuil a ghníomhaíocht ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Chun ríomh a dhéanamh ina KPInna ar ailíniú tacsanomaíochta neamhchosaintí ar ghnóthais eile, ní gá do na gnóthais airgeadais féin na coimircí íosta a chomhlíonadh ós rud é nach mbíonn na gníomhaíochtaí maoiniúcháin féin incháilithe don Tacsanomaíocht. Mar sin féin, ba cheart do ghnóthais airgeadais fianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil, amhail nochtaí Tacsanomaíochta arna ndéanamh ag na gnóthais neamhairgeadais faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, lena bhfionntar go gcomhlíonann gnóthais a bhfuil siad neamhchosanta orthu na coimircí íosta chun bheith in ann na neamhchosaintí ar na gnóthais sin a ríomh mar neamhchosaintí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Tá comhlíontacht le coimircí íosta ina cuid lárnach de KPInna Tacsanomaíochta na ngnóthas neamhairgeadais a chuireann gnóthais airgeadais i bhfeidhm maidir lena neamhchosaintí.

Maidir le GAR institiúidí creidmheasa le haghaidh neamhchosaintí fáltas arb eol a n-úsáid, amhail na neamhchosaintí dá dtagraítear i Ranna 1.2.1.3. agus 1.2.1.4. d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh maidir le cliaint mhiondíola agus údaráis phoiblí, ní gá d'institiúidí creidmheasa a fhíorú go bhfuil na coimircí íosta á gcomhlíonadh ag na cliaint mhiondíola agus na húdaráis phoiblí sin. Maidir leis na neamhchosaintí sin, áfach, ba cheart d'institiúidí creidmheasa fianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil, amhail nochtaí Tacsanomaíochta faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh arna ndéanamh ag na táirgeoirí earraí agus soláthraithe seirbhísí faoi seach, lena bhfionntar go gcomhlíonann gnóthais a tháirgeann earraí agus a sholáthraíonn seirbhísí arna gceannach ag cliaint mhiondíola agus údaráis phoiblí an TSC ábhartha agus na coimircí íosta chun a neamhchosaintí a ríomh mar neamhchosaintí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Baineann an staid sin, mar shampla, le hiasacht arna soláthar do chliant miondíola nó d'údarás poiblí chun gluaisteáin leictreacha nó painéil ghréine a cheannach i gcás inar gá don institiúid creidmheasa a fhionnadh go gcomhlíonann monaróir na n-earraí sin an TSC ábhartha agus na coimircí íosta chun measúnú a dhéanamh ar iasacht den sórt sin mar iasacht ailínithe le Tacsanomaíocht.

Níor cheart do ghnóthais airgeadais na coimircí íosta a chomhlíonadh ach amháin má tá na seirbhísí airgeadais a sholáthraíonn siad incháilithe don Tacsanomaíocht agus má mhaíonn siad go bhfuil na seirbhísí sin ailínithe le Tacsanomaíocht. Baineann sé sin le líon beag gníomhaíochtaí i Roinn 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid maidir le hiompar, a thagraíonn do 'mhaoiniú' mar chuid den tuairisc ar an ngníomhaíocht, agus le gníomhaíochtaí frithgheallta árachais agus athárachais neamhshaoil i Ranna 10.1. agus 10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

Mar sin féin, iarrtar ar ghnóthais an Fógra ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2023 a cheadú maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus naisc leis an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe. Chun ([44])tuilleadh comhairle neamhfhoirmiúil a fháil maidir le dea-chleachtais, iarrtar orthu an Tuarascáil Deiridh maidir le Coimircí Íosta an Ardáin maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022 ([45]) a cheadú, go háirithe Ranna 6 agus 7.

38. **I gcás ina ríomhann gnóthas árachais nó athárachais an KPI frithgheallta, ar cheart don ghnóthas nósanna imeachta atá ábhartha maidir le comhlíonadh na gcoimircí íosta a chur i bhfeidhm ar leibhéal a shealbhóirí polasaí, sa bhreis ar na coimircí sin a bheith á gcomhlíonadh aige féin?**

Gnóthais árachais agus athárachais a ghabhann do ghníomhaíochtaí incháilithe don Tacsanomaíocht dá dtagraítear i Ranna 10.1 agus 10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid agus atá ag iarraidh a éileamh go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ba cheart dóibh na nósanna imeachta iomchuí maidir le dícheall cuí a chur chun feidhme chun ailíniú leis na coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 18 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a áirithiú. Mar chuid de ghníomhaíocht an fhrithgheallta árachais a chur i gcrích, ba cheart scagadh iomchuí ar a gcaidreamh gnó leis na cliaint dá dtairgtear na táirgí a bheith i gceist freisin, maidir le sáruithe féideartha ar na coimircí sin.

Chun tuilleadh treoraíochta a fháil, féach freisin Fógra an 16 Meitheamh 2023 ón gCoimisiún dá dtagraítear sa fhreagra ar cheist 37 den Fhógra seo.

([44]) Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht agus naisc chuig an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe 2023/C 211/01 (C/2023/3719) (IO C 211, 16.6.2023, lch. 1).

([45]) https://finance.ec.europa.eu/system/files/2022-10/221011-sustainable-finance-platform-finance-report-minimum-safeguards_en.pdf.

2. CEISTEANNA A BHAINEANN LE GNÓTHAIS AIRGEADAIS SHONRACHA

A. INSTITIÚIDÍ CREIDMHEASA

a. *Eintitis a chumhdaítear*

39. Cén chaoi ar cheart d'institiúidí atá eisiata ó chur i bhfeidhm CRD ach a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a chur i bhfeidhm? Cad iad na teimpléid ba cheart a úsáid i gcásanna den sórt sin chun tuairisciú a dhéanamh?

Gnóthais a bhfuil sé d'oibleagáid orthu tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, ba cheart dóibh nochtaí a dhéanamh freisin faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ([46]). Ina theannta sin, ba cheart d'eintitis a thagann faoi raon feidhme an tsainmhínithe ar institiúid creidmheasa, i gcomhréir le pointe (1) d'Airteagal 4(1) CRR, nochtaí Tacsanomaíochta a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa.

Go sonrach, ba cheart do na heintitis dá dtagraítear i bpointí (3) go (24) d'Airteagal 2(5) CRD atá díolmhaithe ó chur i bhfeidhm CRD ([47]) na KPInna a thuairisciú faoi Airteagal 8 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh araon a mhéid atá oibleagáid orthu tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta. Nuair is institiúidí creidmheasa iad na heintitis sin i gcomhréir le pointe (1) d'Airteagal 4(1) CRR, ba cheart dóibh a nochtaí Tacsanomaíochta a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa. Go háirithe, ba cheart Iarscríbhinní V, VI agus XI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a bheith infheidhme maidir le heintitis den sórt sin chun faisnéis a bhaineann le Tacsanomaíocht a thuairisciú.

40. Cad é an tairseach chun a mheas maidir le samhail ghnó institiúide creidmheasa go bhfuil sí bunaithe *'go mór ar mhaoiniú tithíochta poiblí'* (Roinn 1.2.1.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh)?

Ní cheanglaítear, faoin gcéad mhír de Roinn 1.2.1.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, tairseach chainníochtúil nó cháilíochtúil réamhchinntithe a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil samhail ghnó ag institiúid creidmheasa atá bunaithe *'go mór ar mhaoiniú tithíochta poiblí'*. Ina ionad sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa nochtadh a dhéanamh ar na modhanna agus na critéir a glacadh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an tsamhail ghnó lena mbaineann bunaithe go mór ar mhaoiniú tithíochta poiblí. Ba cheart na modhanna agus na critéir sin a bheith oiriúnach d'eagrú agus do bhainistiú riosca na hinstitiúide creidmheasa. Ba cheart mínithe ábhartha a chur ar fáil a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí tuiscint mhaith a bheith acu ar an bhfaisnéis atá á nochtadh.

b. *Raon feidhme KPInna*

41. I gcás ina dtarmligeann gnóthas airgeadais bainistiú punainne sócmhainní chuig gnóthas airgeadais eile, cén gnóthas airgeadais a áiríonn sócmhainní den sórt sin i ríomh an eochairtháscaire feidhmíochta?

I gcás ina dtarmligeann gnóthas airgeadais bainistiú punainne sócmhainní, i gcomhréir leis na forálacha earnáilsonracha amhail Airteagal 13 de Threoir 2009/65/CE nó Airteagal 20 de Threoir 2011/61/AE, chuig gnóthas airgeadais eile chun bainistiú punainne den sórt sin a dhéanamh ar a shon, áirítear na sócmhainní sna KPInna faoi seach a bheidh le nochtadh ag an ngnóthas airgeadais tarmligin. Níor cheart don ghnóthas airgeadais ar tarmligeadh bainistiú punainne na sócmhainní sin chuige na sócmhainní sin a áireamh ina KPI.

([46]) Áirítear leis sin: (i) gnóthais mhóra; (ii) gnóthais bheaga agus mheánmhéide, seachas micreaghnóthais, ar eintitis leasa phoiblí iad de réir an tsainmhínithe i bpointe (a) de phointe (1) d'Airteagal 2 den Treoir Chuntasaíochta; (iii) máthairghnóthais grúpa mhóir dá dtagraítear in Airteagal 3(7) den Treoir Chuntasaíochta; agus (iv) eintitis neamh-AE a gceanglaítear orthu nochtaí inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Treoir Trédhearcachta.

([47]) Tugann CRD díolúintí ó cheanglais chaipitil, ach ní thugann sé díolúintí ón maoirseacht i gcomhréir le hAirteagal 2(6) CRD.

42. **Sócmhainní a bhaineann le feidhm bhainistithe punainne na hinstitiúide creidmheasa, amhail gníomhaíochtaí bainistithe rachmais, an áirítear iad in KPI an chóimheasa ghlais le haghaidh sócmhainní faoi bhainistíocht (AuM)?**

Cé is moite de neamhchosaintí dá dtagraítear in Airteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart d'institiúid creidmheasa a áireamh in KPI AuM sócmhainní a bhainistíonn sí bunaithe ar na sainorduithe infheistíochta aonair a fuarthas ó úinéirí na sócmhainní.

I gcomhthéacs bainistiú punainne sócmhainní ó ghnóthas airgeadais eile a tharmligean, i gcás ina soláthraíonn an tarmligí seirbhísí bainistithe punainne, níor cheart na sócmhainní a áireamh in KPI an tarmligí sin ach in KPI an té a dhéanann an tarmligean; sin chun áireamh dúbailte a sheachaint. Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le KPI AuM go háirithe, níor cheart d'institiúidí creidmheasa sócmhainní a chur san áireamh a bhfuil bainistiú punainne tarmligthe chuig an institiúid creidmheasa ina leith ag gnóthas airgeadais eile (féach freisin ceist 38 den Fhógra seo).

Ba cheart gur sa GAR ar Tháillí agus ar Choimisiúin a dhéanfar measúnú le haghaidh ailíniú leis an Tacsanomaíocht i gcás gníomhaíochtaí seachas bainistiú punainne a dhéantar i ndáil le sócmhainní tríú páirtí.

43. **Maidir le KPI na sócmhainní faoi bhainistíocht (AuM), cé atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta GCUI nó CIM? An féidir le hinstitiúidí creidmheasa an fhaisnéis a fháil ón mbainisteoir sócmhainní nó an bhfuil coinne leis go ndéanfaidh an institiúid creidmheasa ailíniú Tacsanomaíochta a mheasúnú?**

I gcomhréir le Roinn 1.2. d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, is é atá in ainmneoir KPI na mbainisteoirí sócmhainní '*na sócmhainní/neamhchosaintí uile a eascraíonn as gníomhaíochtaí bainistithe punainne comhpháirteacha agus aonair na mbainisteoirí sócmhainní*'. Dá bhrí sin, tá bainisteoirí sócmhainní freagrach as measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na GCUInna agus CIManna a ngníomhaíonn siad mar chuideachtaí bainistíochta ina leith i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE agus Treoir 2011/61/AE, faoi seach, agus na bpunann a soláthraíonn siad gníomhaíochtaí bainistithe punainne aonair ina leith. Níl bainisteoirí sócmhainní freagrach as measúnú a dhéanamh ar ailíniú Tacsanomaíochta na sócmhainní a ndearna gnóthas airgeadais eile an bainistiú punainne ina leith a tharmligean chucu. Mar a míníodh i gceist 37 den Fhógra seo, ní in KPI an tarmligí ach in KPI an té a dhéanann an tarmligean ba cheart measúnú a dhéanamh ar shócmhainní i gcás ina soláthraíonn an tarmligí seirbhísí bainistithe punainne.

44. **Ar cheart déileáil le conarthaí comhaontaithe athcheannaigh (repo) mar 'iasachtaí agus airleacain' chun críocha Thacsanomaíocht AE? Go háirithe, an féidir measúnú a dhéanamh ar an ailíniú trína thuiscint ó KPI an chontrapháirtí, nó trí chomhlíonadh TSC na gníomhaíochta eacnamaíche foluití a fhíorú?**

Ba cheart comhaontuithe athcheannaigh ('repos') a thaifeadtar sa leabhar baincéireachta a mheas mar 'iasachtaí agus airleacain' chun críoch tuairiscithe Tacsanomaíochta.

Is cineál iasachta comhthaobhaithe é idirbheart athcheannaigh ina gcomhaontaíonn díoltóir urrús (iasachtaí) na hurrúis sin a dhíol le ceannaitheoir urrús (iasachtóir) ar bhonn sealadach agus ina gcomhaontaíonn an dá pháirtí go comhuaineach an t-idirbheart sin a fhreaschur ar dháta sonraithe níos faide anonn. Feidhmíonn na hurrúis idirbheartaithe a fhaigheann an t-iasachtóir mar chomhthaobhacht chun a neamhchosaint chreidmheasa ar an iasachtaí a urrú.

Dá bhrí sin, ba cheart do ghnóthas airgeadais arb é an t-iasachtaí é san idirbheart athcheannaigh an neamhchosaint ar na hurrúis sin a chur san áireamh ina KPI Tacsanomaíochta féin le linn théarma an idirbhirt athcheannaigh. Ba cheart do ghnóthas airgeadais arb é an t-iasachtóir é san idirbheart athcheannaigh 'iasachtaí agus airleacain' a thabhairt ar neamhchosaint an idirbhirt athcheannaigh agus KPI an iasachtaí a úsáid chun uimhreoir a KPI Tacsanomaíochta féin a ríomh le haghaidh na neamhchosaintí athcheannaigh sa leabhar baincéireachta.

Ós rud é gurb é an t-iasachtaí fós úinéir eacnamaíoch na n-urrús faoi réir an idirbhirt athcheannaigh agus go bhfuil an t-iasachtóir ag maoiniú an iasachtaí tríd an idirbheart athcheannaigh, is iomchuí don iasachtóir KPI an iasachtaí a úsáid, seachas KPI eisitheoir na n-urrús comhthaobhach faoi réir an idirbhirt athcheannaigh, chun uimhreoir a KPI féin a ríomh.

45. **Cén KPI GAR inar cheart d'institiúidí creidmheasa measúnú a dhéanamh ar neamhchosaintí ó fhrithghealladh ionstraimí airgeadais ar bhonn ceangaltais dhaingin?**

I gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 4(1) CRR, cumhdaítear leis an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa freisin eintitis áirithe a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le MiFID, is é sin, déileáil ar a gcuntas féin agus/nó frithghealladh ionstraimí airgeadais agus/nó láithriú ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin.

Ós rud é gur institiúidí creidmheasa iad na heintitis sin, ba cheart dóibh forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh a bhaineann le hinstitiúidí creidmheasa a chomhlíonadh. Ba cheart d'eintitis den sórt sin caitheamh mar a leanas le sócmhainní a fhaightear ó dhéileáil ar a gcuntas féin, agus ó ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh agus/nó ó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin:

— maidir le sócmhainní atá á sealbhú sa leabhar baincéireachta, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu in GAR don leabhar baincéireachta (GAR iomlán); agus

— maidir le sócmhainní atá á sealbhú sa leabhar trádála, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu in GAR le haghaidh punann trádála; agus

— maidir le táillí agus coimisiúin a dhíorthaítear ón ngníomhaíocht fhrithgheallta, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu sa KPI Táille agus Coimisiúin.

46. **Cad iad na hionchuir atá le húsáid chun GAR bunaithe ar láimhdeachas agus GAR bunaithe ar CapEx a ríomh? Cén KPI atá le húsáid i gcás nach bhfuil aon KPI comhfhreagrach ar fáil?**

I gcomhréir le Roinn 1.2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, le haghaidh GAR bunaithe ar láimhdeachas, ba cheart d'institiúidí creidmheasa KPI láimhdeachais a gcontrapháirtí a úsáid chun uimhreoir GAR a ríomh le haghaidh na neamhchosaintí seo a leanas: ionstraimí cothromais, urrúis fiachais ilchuspóireacha, agus iasachtaí agus airleacain ilchuspóireacha. Maidir le neamhchosaintí ar urrúis fiachais agus iasachtaí, agus comhthaobhacht athshealbhaithe i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart iad a áireamh in uimhreoir an GAR bunaithe ar láimhdeachas suas leis an méid a mhaoiníonn neamhchosaintí den sórt sin gníomhaíochtaí/caiteachais atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an contrapháirtí gan tuilleadh ualaithe ag KPI an chontrapháirtí.

I gcomhréir le Roinn 1.2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, le haghaidh GAR bunaithe ar CapEx, ba cheart d'institiúidí creidmheasa KPI CapEx a gcontrapháirtí a úsáid chun uimhreoir GAR a ríomh le haghaidh na neamhchosaintí seo a leanas: ionstraimí cothromais, urrúis fiachais ilchuspóireacha, agus iasachtaí agus airleacain ilchuspóireacha. Maidir le neamhchosaintí ar urrúis fiachais agus iasachtaí, agus comhthaobhacht athshealbhaithe i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart iad a áireamh in uimhreoir an GAR bunaithe ar CapEx suas leis an méid a mhaoiníonn na neamhchosaintí sin gníomhaíochtaí/caiteachas atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn an contrapháirtí gan tuilleadh ualaithe ag KPI an chontrapháirtí.

Mar shampla, ba cheart an ríomh (1)(c)(1) + (1)(c)(2) ([48]) dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a dhéanamh faoi dhó ar na neamhchosaintí céanna. Sa chéad ríomh, déantar neamhchosaintí ilchuspóireacha in (1)(c)(2) a ualú le KPInna láimhdeachais na gcontrapháirtithe chun an GAR bunaithe ar láimhdeachas a ríomh. Sa dara ríomh, déantar na neamhchosaintí ilchuspóireacha in (1)(c)(2) a ualú le KPI CapEx na gcontrapháirtithe.

Dá bhrí sin, áirítear iasachtaí ilchuspóireacha sa GAR bunaithe ar láimhdeachas agus sa GAR bunaithe ar CapEx araon. Ba cheart an GAR bunaithe ar láimhdeachas a thuairisciú i gcolún 4 agus ba cheart an GAR bunaithe ar CapEx a thuairisciú i gcolún 5 den teimpléad tuairiscithe '0. Achoimre ar KPInna' a sholáthraítear in Iarscríbhinn VI.

Déantar tagairt do cheist 32 den Fhógra seo maidir leis an gcás nach bhfuil KPInna na gcontrapháirtithe ar fáil.

c. *Neamhchosaintí sonracha a thuairisciú*

47. **Cén chaoi ar cheart d'institiúidí creidmheasa neamhchosaintí ar údaráis phoiblí (e.g. rialtais áitiúla) nach mbaineann le tithíocht phoiblí ná le maoiniú tionscadail a thuairisciú sa GAR? Cén chaoi ar cheart d'institiúidí creidmheasa a neamhchosaintí ar rialtais réigiúnacha a thuairisciú?**

Le hAirteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh eisiatar an méid seo a leanas ó uimhreoir agus ainmneoir KPInna gnóthas airgeadais: a neamhchosaintí ar rialtais láir, ar bhainc cheannais agus ar eisitheoirí fornáisiúnta.

([48]) I Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, léiríonn 1(c)(1) iasachtaí agus airleacain i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas agus léiríonn 1(c)(2) iasachtaí agus airleacain i gcás nach eol úsáid na bhfáltas (iasachtaí ginearálta)

Tá maoiniú tithíochta poiblí agus iasachtú eile fáltas arb eol a n-úsáid do rialtais áitiúla nó réigiúnacha le háireamh in uimhreoir an GAR a mhéid atá na gníomhaíochtaí agus na sócmhainní atá á maoiniú ailínithe leis an Tacsanomaíocht. Ba cheart iasachtú nó maoiniú ilchuspóireach a eisiamh ó uimhreoir an GAR (féach freisin an freagra ar cheist 15 den Fhógra seo).

48. **Cén chaoi ar cheart d'institiúidí creidmheasa déileáil le taiscí airgid atá á sealbhú i mbainc cheannais?**

De bhun Airteagal 7(1) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart neamhchosaintí ar bhainc cheannais a eisiamh ó ríomh uimhreoir agus ainmneoir KPInna gnóthas airgeadais. Ós rud é gur neamhchosaintí ar bhainc cheannais iad taiscí airgid i mbainc cheannais, fágann sé sin gur cheart na taiscí airgid sin a eisiamh ó uimhreoir an GAR agus ainmneoir an GAR araon.

49. **Ar cheart iasachtaí comhthaobhaithe le haghaidh athchóirithe a thuairisciú mar iasachtaí arna gcomhthaobhú le réadmhaoin chónaithe dhochorraithe nó mar iasachtaí athchóirithe foirgneamh sa teimpléad GAR?**

Tá an TSC le haghaidh athchóiriú dá dtagraítear i Ranna 7.2., 7.3., 7.4., 7.5. agus 7.6. d'Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid nó Roinn 3.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol éagsúil leis an TSC le haghaidh foirgnimh nua a thógáil agus seanfhoirgnimh a fháil dá dtagraítear i Roinn 7.1. d'Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid nó Roinn 3.1. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an gComhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa idirdhealú a dhéanamh idir na neamhchosaintí sin sa teimpléad tuairiscithe. Ba cheart iasachtaí le haghaidh athchóiriú a thaifeadadh i ró 26 de theimpléid 3 (*stoc KPI GAR*) agus 4 (*sreabhadh KPI GAR*) bídís comhthaobhaithe nó ná bíodh.

50. **Cén chaoi ar cheart ailíniú leis an Tacsanomaíocht a nochtadh le haghaidh iasachtaí morgáiste agus mótarfheithicle nuair nach bhfuil sonraí ábhartha ar fáil?**

Mar a luaitear sna freagraí ar cheisteanna 33 agus 36 den Fhógra seo, i gcás neamhchosaintí miondíola (amhail iasachtaí morgáiste agus mótarfheithicle), féadfaidh gnóthais airgeadais, agus dícheall cuí leordhóthanach á dhéanamh acu, úsáid a bhaint as sonraí a fhaightear go déthaobhach ón gcliant nó a ghlactar i bhfoirm fíoruithe neamhspleácha agus iontaofa tríú páirtí nó athbhreithnithe seachtracha ([49]). Ba cheart d'institiúidí creidmheasa fianaise dhoiciméadach leordhóthanach a fháil a léiríonn go gcomhlíontar gach TSC a shonraítear faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch chomhfhreagrach sna Gníomhartha Tarmligthe faoi seach (féach an freagra ar cheist 33 den Fhógra seo chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an bhfianaise dhoiciméadach a theastaíonn). I gcás nach bhfuil sonraí nó fianaise den sórt sin ar fáil, ba cheart an neamhchosaint a mheas mar neamhchosaint neamh-incháilithe/neamhailínithe, i.e. ba cheart do ghnóthais airgeadais an luach 'nialas' a chur isteach in uimhreoir an KPI ábhartha gan aon mheasúnú breise a dhéanamh. Chomh maith le luach 'nialas' a thuairisciú mar chuid dá nochtaí sainordaitheacha, d'fhéadfadh gnóthais airgeadais tuairiscithe a roghnú meastachán a dhéanamh ar a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht agus an fhaisnéis sin a thuairisciú go deonach, ar leithligh óna nochtaí sainordaitheacha ([50]).

51. **Chun críocha an GAR le haghaidh neamhchosaintí miondíola, an féidir morgáistí a bheith incháilithe don Tacsanomaíocht gan beann ar iad a bheith lonnaithe san Aontas nó gan bheith lonnaithe ann? An dtagann iasachtaí nach de thionscnamh an Aontais iad faoin díolúine a shonraítear faoi Airteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?**

Tá morgáistí miondíola incháilithe don Tacsanomaíocht bíodh an réadmhaoin lonnaithe san Aontas nó ná bíodh nó bíodh an féichiúnaí ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas nó ná bíodh. Baineann an díolúine a shonraítear in Airteagal 7(3) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le neamhchosaintí ar ghnóthais shonracha nach bhfuil faoi réir Airteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, a bhféadfadh gnóthais tríú tír a bheith san áireamh iontu.

([49]) D'fhéadfaí brath ar fhianaise arna soláthar ag tríú páirtithe agus ag údaráis phoiblí chun comhlíonadh TSC a fhionnadh fad atá sé sonrach agus bainteach go díreach le neamhchosaintí foluiteacha institiúidí creidmheasa (féach an freagra ar cheist 31 den Fhógra seo).

([50]) Leis an tuairisciú deonach níor cheart teacht salach ar an bhfaisnéis shainordaitheach faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ná mífhaisnéis a thabhairt ina leith. Níor cheart níos mó tábhachta a thabhairt dó ná mar a thugtar do nochtaí sainordaitheacha. I gcás ina bhfuil tuairisciú deonach san áireamh ag gnóthas, ba cheart mionsonraí tacaíochta a chur leis ina leagtar amach an bunús leis an nochtadh sin, na modhanna a úsáideadh lena ullmhú agus míniú soiléir ar an difríocht idir é agus an tuairisciú sainordaitheach.

d. *Neamhchosaintí a ríomh agus a luacháil*

52. **Ar cheart neamhchosaintí creidmheasa a mheas ar a n-oll-luach, i.e. sula ndéantar coigeartú i leith caillteanais chreidmheasa ionchasacha?**

Ba cheart. I gcomhréir leis an téarmaíocht a úsáidtear in FINREP ([51]) agus i gcaighdeáin chuntasaíochta, tagraíonn na hIarscríbhinní a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh don oll-luach de réir na leabhar, a shainmhínítear, i measc nithe eile, in FINREP, Iarscríbhinn 5, Roinn 5.2. Déantar an sainmhíniú in FINREP a choigeartú de réir na bprionsabal cuntasaíochta éagsúil is infheidhme. I gcás ionstraimí fiachais ar chostas amúchta faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, is é an sainmhíniú ar oll-luach de réir na leabhar an luach de réir na leabhar sula ndéantar coigeartú i leith aon lamháltas caillteanais. I gcás ionstraimí fiachais ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, is é an sainmhíniú ar oll-luach de réir na leabhar an costas amúchta sula ndéantar coigeartú i leith aon lamháltas caillteanais.

53. **Maidir le hinfheistíochtaí, anuas ar an measúnú ar ailíniú leis an tacsanomaíocht, ní mór cóimheas tacsanomaíochta a ríomh a 'chuirfear i bhfeidhm' maidir le luach deireadh bliana na hinfheistíochta de réir na leabhar (i.e. a mhéid a mhaoinítear gníomhaíocht eacnamaíoch atá ailínithe leis an tacsanomaíocht, agus an cion di a mhaoinítear, leis an tionscadal a cistíodh). Ríomhtar an cóimheas bunaithe ar luach a d'fhéadfadh athrú le himeacht ama (ní shonraítear an luach sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ach d'fhéadfadh sé gurb é a bheadh ann margadhluach na sócmhainne a ceannaíodh nó an láimhdeachas agus CapEx a ghintear laistigh den tionscadal a mhaoinítear). Ós rud é go bhféadfadh an luach sin athrú le himeacht ama, ar cheart an cóimheas a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an luach deireadh bliana de réir na leabhar a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta nó ar cheart an luach tosaigh a úsáid ar feadh shaolré na hinfheistíochta?**

I gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart d'institiúidí creidmheasa breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir lena mhéid atá gníomhaíocht atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht á cistiú, agus an cion di atá á chistiú, ag an tionscadal. Ba cheart a chur san áireamh san fhaisnéis is déanaí aon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na rialacháin nó ar an ngníomhaíocht mhaoinithe féin.

54. **I gcás coigeartuithe ar luach cóir ó chuntasaíocht fálaithe, cén láimhseáil a bheartaítear i gcás coigeartú ar luach cóir ar fhálú punainne um riosca an ráta úis? Ar cheart an coigeartú ar luach cóir a bheith ar mhír líne na ndíorthach sa teimpléad tuairiscithe nó ar cheart don choigeartú ar luach cóir difear a dhéanamh don oll-luach de réir na leabhar atá ag na míreanna fálaithe (arb iad na hiasachtaí agus na hairleacain iad)?**

Maidir leis an gcoigeartú ar luach cóir ar fhálú punainne um riosca an ráta úis, ba cheart an luach de réir na leabhar atá ag na míreanna fálaithe a thuairisciú ar bhonn comhlán. Bheadh sé sin i gcomhréir le treoracha FINREP a dtagraíonn an Gníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh dóibh i roinnt cásanna, agus a shonraíonn an méid seo a leanas in Iarscríbhinn V, Cuid 2.152: *'Le "míreanna fálaithe i bhfálú punainne um riosca an ráta úis" áireofar sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais atá san áireamh i bhfálú ar luach cóir den neamhchosaint ar ráta úis atá ag punann de shócmhainní airgeadais nó de dhliteanais airgeadais. Tuairisceofar na hionstraimí airgeadais sin ar a luach de réir na leabhar ar bhonn comhlán, sula ndéantar glanluacháil idir ionstraimí laistigh den phunann.'* I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart na coigeartuithe ar luach cóir a thuairisciú ansin ar mhír líne na ndíorthach.

55. **Tugtar tuairisc ar uimhreoir ionstraimí cothromais an Chóimheasa Sócmhainní Glasa mar a leanas: *'oll-luach de réir na leabhar na n-ionstraimí cothromais nach bhfuiltear á sealbhú lena dtrádáil ualaithe de réir KPI láimhdeachais agus KPI CapEx a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an tacsanomaíocht arna nochtadh ag an ngnóthas neamhairgeadais ar leis na hionstraimí cothromais.'* Ós rud é gur uimhreacha difriúla iad an KPI láimhdeachais agus an KPI CapEx, agus gur uimhir aonair a bheidh in oll-luach de réir na leabhar na n-ionstraimí cothromais, cén chaoi ar cheart an ríomh sin a dhéanamh?**

I gcomhréir le Roinn 1.2.1.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart dhá leagan de na KPInna GAR le haghaidh neamhchosaintí ar chothromas a thuairisciú: ba cheart an chéad leagan a bheith bunaithe ar KPI láimhdeachais na gcontrapháirtithe, agus ba cheart an dara leagan a bheith bunaithe ar KPI CapEx na gcontrapháirtithe.

([51]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1)

56. **Ar cheart iomlán na sócmhainní i dteimpléid Iarscríbhinn VI a bheith cothrom le hiomlán na sócmhainní mar a shainmhínítear in FINREP iad?**

Ba cheart; ba cheart iomlán na sócmhainní i dteimpléid Iarscríbhinn VI a ríomh bunaithe ar an oll-luach de réir na leabhar atá ag na sócmhainní sin a thuairiscítear faoi FINREP. Dearadh teimpléid FINREP ar bhonn catagóirí cuntasaíochta na n-ionstraimí airgeadais (sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta, sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile, etc.). Ar an taobh eile, beidh na teimpléid a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh le líonadh trí choincheapa stuamachta an leabhair baincéireachta agus an leabhair trádála a chur i bhfeidhm, agus is dhá KPI éagsúla a thugtar – an GAR i Roinn 1.2.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh agus an GAR le haghaidh na punainne trádála i Roinn 1.2.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. I bhfianaise na difríochta sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann agus comparáid á déanamh idir méid iomlán na sócmhainní faoi seach faoi FINREP agus faoi Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Mar sin féin, ba cheart oll-luach de réir na leabhar gach ionstraime tuairiscithe a bheith ag teacht go hiomlán leis an luach a tuairiscíodh in FINREP a dtagraítear dó in sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh i roinnt cásanna.

57. **Cén chaoi ar cheart iasachtú inghrúpa a shainiú chun ailíniú leis an Tacsanomaíocht?**

Ba cheart idirbhearta inghrúpa a dhíchur le linn phróiseas an chomhdhlúthaithe stuamachta i gcomhréir le Roinn 1.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ba cheart déileáil le hidirbhearta inghrúpa laistigh de raon feidhme cuntasaíochta an chomhdhlúthaithe mar idirbhearta seachtracha (ach níor cheart déileáil leo mar idirbhearta seachtracha nuair a dhéantar raon feidhme stuamachta an chomhdhlúthaithe a bhreithniú).

58. **Cén chaoi ar cheart teorainneacha ama na ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha a mheas sa mheasúnú Tacsanomaíochta nuair atá aibíochtaí an mhaoinithe níos faide ná na teorainneacha ama sin?**

Gach bliain, ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar mhéid na hiasachta gan íoc ina gclár comhardaithe i gcomparáid leis an TSC atá i bhfeidhm an bhliain sin. I gcás ina mbaineann teorainn ama le TSCanna maidir lena gcur i bhfeidhm, ní dhéanfar an neamhchosaint a ailíniú a thuilleadh tar éis don teorainn ama sin dul in éag. Má leasaítear na critéir le gníomh tarmligthe agus mura gcomhlíonann an ghníomhaíocht nó an tsócmhainn mhaoinithe na critéir leasaithe nua a thuilleadh, measfar an neamhchosaint fholuiteach a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht fós ar feadh 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh Tharmligthe leasaithigh (marthanú) i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

59. **Cad iad na hamlínte iniúchóireachta ar cheart feidhm a bheith acu maidir le comhthaobhacht iasachta arna fáil ag institiúid creidmheasa mar athshealbhú?**

Ní dhéantar foráil sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh maidir le ceanglais iniúchóireachta bhreise atá éagsúil leis na ceanglais sin a leagtar síos sa Treoir Chuntasaíochta.

e. *Na teimpléid a líonadh*

60. **Cén chaoi ar cheart institiúidí creidmheasa a shainmhíniú agus na teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn VI á gcomhlánú?**

Sainmhínítear institiúidí creidmheasa de réir an tsainmhínithe i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) CRR (féach freisin ceisteanna 1 agus 35 den Fhógra seo).

Maidir le miondealuithe ar chineál an eintitis sna teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart do na hullmhaitheoirí KPInna a gcontrapháirtithe faoi seach a chur i bhfeidhm agus a KPInna féin á ríomh acu. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfoilsíonn contrapháirtithe institiúidí creidmheasa KPInna a áirítear in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart d'institiúidí creidmheasa na rónna le haghaidh neamhchosaintí ar institiúidí creidmheasa a úsáid sna teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

61. **Cén chaoi ar cheart cóid NACE a shannadh do neamhchosaintí chun críoch theimpléad 2 de nochtaí GAR a áirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh? Ós rud é nach gceanglaítear an miondealú de réir chód NACE faoi nochtaí arna ndéanamh ag gnóthais neamhairgeadais, cá háit a bhfaighidh institiúidí creidmheasa an fhaisnéis sin chun teimpléad 2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a líonadh isteach? Ós rud é nach bhfuil cód NACE ag roinnt gníomhaíochtaí a liostaítear sa Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, conas is féidir iad sin a chomhtháthú i dteimpléad 2 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?**

Chun críoch theimpléad 2 de nochtaí GAR a áirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart cód NACE phríomhghníomhaíocht an chontrapháirtí a sholáthar. Má thagraíonn an neamhchosaint do níos mó ná eintiteas amháin, ba cheart í a bheith ag tagairt do chód NACE phríomhghníomhaíocht an chontrapháirtí arbh í ab ábhartha, nó ba chinntithí, chun gur dheonaigh an institiúid an neamhchosaint. Más cuideachta sealbhaíochta é an contrapháirtí, ba cheart don institiúid creidmheasa breithniú a dhéanamh ar earnáil NACE phríomhghníomhaíocht an chontrapháirtí shonraigh arna rialú ag an gcuideachta sealbhaíochta (murab ionann í agus an chuideachta sealbhaíochta) a fuair an cistiú. Ar an gcuma chéanna, ba cheart d'institiúidí creidmheasa an fhaisnéis ábhartha a nochtadh faoin earnáil NACE a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch mháthairchuideachta an eintitis shainchuspóirigh. Mura gcumhdaítear an ghníomhaíocht le cód NACE, féadfaidh an institiúid creidmheasa an cód dá dtagraítear i bhfonóta (a) de na teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a úsáid.

62. **Cad é an sainmhíniú ar eisitheoirí fornáisiúnta agus cén ró de theimpléad 1 a leagtar amach in Iarscríbhinn VI ar cheart neamhchosaintí ar eisitheoirí fornáisiúnta a thuairisciú ann (e.g., Ró 51, 52)**?

Cé nach soláthraítear aon sainmhíniú faoin nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ar 'neamhchosaintí ar eisitheoirí fornáisiúnta', ba cheart an chiall seo a bheith leis: neamhchosaintí ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail institiúidí an Aontais Eorpaigh, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Eisiatar neamhchosaintí ar bhainc forbartha iltaobhacha ón sainmhíniú sin agus tuairiscítear iad mar neamhchosaintí ar institiúidí creidmheasa, mar a mhínítear sa cheathrú mír de roinn 1.2.1.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Ba cheart 'neamhchosaintí ar eisitheoirí fornáisiúnta' a thuairisciú faoi ró 50 – 'Rialtais láir agus eisitheoirí fornáisiúnta'.

63. **Maidir le gach ceann de na teimpléid a áirítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, cén amlíne atá ann le haghaidh an nochta?**

Leanann an t-uainiú le haghaidh nochtaí teimpléad uainiú chur i bhfeidhm na KPInna foluiteacha a leagtar síos in Airteagal 10 den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Tugtar sa tábla seo a leanas an sceideal ama le haghaidh nochtadh na dteimpléad.

Uimhir an Teimpléid	Ainm an Teimpléid	An chéad nochtadh in	A bhaineann le bliain fhioscach
0	Achoimre ar KPInna	2024	2023
1	Sócmhainní cumhdaithe (GAR, lasmuigh den chlár comhardaithe)	2024 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin	2023 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin
2	GAR – Faisnéis earnála	2024	2023
3	KPInna GAR Stoc	2024 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin	2023 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin
4	KPInna GAR Sreabhadh	2024	2023
5	KPInna FinGuar AuM	2024	2023
6	KPI F&C	2026 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin	2025 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin
7	KPI an leabhair trádála	2026 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin	2025 le haghaidh dáta tagartha um nochtadh T amháin

64. **Cén chaoi ar cheart na colúin 'lena n-áirítear' a líonadh isteach sna teimpléid in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?**

Ba cheart an colún *'lena n-áirítear Úsáid Fáltas'* a úsáid chun neamhchosaintí a thuairisciú i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas ón neamhchosaint agus i gcás ina n-áirítear sa Chóimheas Sócmhainní Glasa iad suas leis an méid a mhaoiníonn an neamhchosaint gníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Mar shampla:

— i gcás inar neamhchosaintí iasachta ar ghnóthais neamhairgeadais iad na neamhchosaintí sin, comhfhreagraíonn na neamhchosaintí atá le tuairisciú sa cholún *'lena n-áirítear Úsáid Fáltas'* ar ró 21 de theimpléad 3 don eilimint (1)(c)(1) i Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Dá réir sin, ba cheart suim na n-eilimintí (1)(c)(1) + (1)(c)(2), i Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a thuairisciú sa cholún *'Cion d'iomlán na sócmhainní cumhdaithe a mhaoiníonn earnálacha atá ábhartha maidir leis an tacsanomaíocht (ailínithe le Tacsanomaíocht)'* ar ró 21 de theimpléad 3;

— i gcás inar neamhchosaintí urrúis fiachais ar ghnóthais neamhairgeadais iad na neamhchosaintí sin, comhfhreagraíonn na neamhchosaintí atá le tuairisciú sa cholún *'lena n-áirítear Úsáid Fáltas'* ar ró 22 de theimpléad 3 don eilimint (2)(c)(1) i Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Dá réir sin, ba cheart suim na n-eilimintí (2)(c)(1) + (2)(c)(2), i Roinn 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a thuairisciú sa cholún *'Cion d'iomlán na sócmhainní cumhdaithe a mhaoiníonn earnálacha atá ábhartha maidir leis an tacsanomaíocht (ailínithe le Tacsanomaíocht)'* ar ró 22 de theimpléad 3;

— i gcás inar neamhchosaintí iasachta ar theaghlaigh a chumhdaítear i Roinn 1.2.1.3. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh iad na neamhchosaintí sin, ba cheart na neamhchosaintí sin a thuairisciú sa cholún *'lena n-áirítear Úsáid Fáltas'* ar rónna a chomhfhreagraíonn do theaghlaigh i dteimpléad 3. Mar nach gcumhdaíonn Roinn 1.2.1.3. den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ach neamhchosaintí i gcás inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart na luachanna céanna a léiriú sa cholún 'lena n-áirítear Úsáid Fáltas' agus sa cholún *'Cion d'iomlán na sócmhainní cumhdaithe a mhaoiníonn earnálacha atá ábhartha maidir leis an tacsanomaíocht (ailínithe le Tacsanomaíocht)'*;

— i gcás inar neamhchosaintí iasachta nó urrúis fiachais ar rialtais áitiúla a chumhdaítear i Roinn 1.2.1.4. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh iad na neamhchosaintí sin, ba cheart na neamhchosaintí sin a thuairisciú sa cholún 'lena n-áirítear Úsáid Fáltas' ar rónna a chomhfhreagraíonn do rialtais áitiúla i dteimpléad 3. Ós rud é nach gcumhdaítear le Roinn 1.2.1.4. ach neamhchosaintí inarb eol úsáid na bhfáltas, ba cheart na luachanna céanna a léiriú sa cholún 'lena n-áirítear Úsáid Fáltas' agus sa cholún *'Cion d'iomlán na sócmhainní cumhdaithe a mhaoiníonn earnálacha atá ábhartha maidir leis an tacsanomaíocht (ailínithe le Tacsanomaíocht)'*.

Sna colúin *'lena n-áirítear gníomhaíocht idirthréimhseach'* agus *'lena n-áirítear gníomhaíocht chumasúcháin'*, ba cheart d'institiúidí a neamhchosaintí ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha idirthréimhseacha agus cumasúcháin a thuairisciú.

Ní léiríonn an colún *'lena n-áirítear Úsáid Fáltas'* ar thaobh amháin agus na colúin *'lena n-áirítear gníomhaíocht idirthréimhseach'* agus *'lena n-áirítear gníomhaíocht chumasúcháin'* ar an taobh eile, miondealuithe comheisiatacha. Dá bhrí sin, níor cheart gurb é a bheadh iontu le chéile, *'Cion d'iomlán na sócmhainní cumhdaithe a mhaoiníonn earnálacha atá ábhartha maidir leis an tacsanomaíocht (ailínithe le Tacsanomaíocht)'*. Is é cuspóir na gcolún*'lena n-áirítear'* faisnéis níos sonraíche a chur ar fáil ó dhá pheirspictíocht éagsúla, ceann faoin gcineál maoinithe agus an ceann eile faoin gcineál gníomhaíochta eacnamaíche.

65. **Ar cheart d'institiúidí creidmheasa méid na neamhchosaintí nua bunaithe ar oll-luach de réir na leabhar a mheas mar shreabhadh (mar a léirítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh) nó mar shreabhadh na n-iasachtaí arna ríomh bunaithe ar *t* in áit *t-1* ar ghlanbhonn (mar a léirítear sa cheann-nóta do theimpléad 4)? Sa chéad chás, céard a chiallaíonn 'nua', mar shampla, i gcás athmhaoinithe, saoráidí creidmheasa imrothlacha, etc.**

Luaitear an méid seo a leanas i bpointe 1.2.1.1. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh:

*'Nochtfaidh institiúidí creidmheasa an GAR le haghaidh... an sreabhadh le haghaidh iasachtú **nua**.'*

'Nochtfar na gnéithe seo a leanas de na KPInna:

*(...)(b) i dtéarmaí sreafa, bunaithe ar oll-luach **iasachtaí agus airleacan nua** de réir na leabhar le linn na bliana roimh an dáta tagartha nochta;*

(...)'

Nochtfar na gnéithe seo a leanas de na KPInna:

(...)

*(b) i dtéarmaí sreafa, bunaithe ar oll-luach **urrús fiachais nua** de réir na leabhar le linn na bliana roimh an dáta tagartha nochta;*

(...)'

Nochtfar na gnéithe seo a leanas de na cóimheasa:

(...);

(b) i dtéarmaí sreafa, bunaithe ar oll-luach ionstraimí cothromais nua de réir na leabhar le linn na bliana roimh an dáta tagartha nochta;

(...)'

Agus an KPI sreabhaidh á ríomh i dteimpléad 4 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, níor cheart d'institiúidí creidmheasa ach oll-luach neamhchosaintí nuathabhaithe de réir na leabhar a mheas (i.e. iasachtaí agus airleacain nua, urrúis fiachais, ionstraimí cothromais), is é sin le rá neamhchosaintí nua amháin a tabhaíodh le linn na bliana roimh an dáta tagartha nochta, gan asbhaint a dhéanamh ar mhéideanna aisíocaíochtaí iasachtaí nó diúscairtí urrús fiachais/ionstraimí cothromais a rinneadh le linn na bliana roimh an dáta tagartha nochta. Dá bhrí sin, níor cheart d'institiúidí creidmheasa uimhreoir agus ainmneoir an KPI sreabhaidh a ríomh mar neamhchosaintí ar an dáta tagartha nochta (T) lúide neamhchosaintí ar an dáta tagartha nochta (T-1) ([52]).

66. **An bhfuil úsáid an téarma 'iasachtú speisialaithe' teoranta do mhaoiniú tionscadail nó an áirítear leis aon úsáid a bhaintear as fáltais?**

Níl an téarma 'iasachtú speisialaithe' teoranta do mhaoiniú tionscadail agus áirítear leis gach iasachtú speisialaithe i gcomhréir leis an sainmhíniú a thugtar in Airteagal 147(8) CRR. I gcomhréir le Roinn 1.2.1.2. d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart d'institiúidí creidmheasa measúnú a dhéanamh i gcomhpháirt (1)(c)(1) d'uimhreoir an GAR le haghaidh iasachtaí agus airleacan na hiasachtaí agus airleacain uile inarb eol úsáid na bhfáltas, lena n-áirítear iasachtú speisialaithe dá dtagraítear in Airteagal 147(8) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

B. GNÓTHAIS ÁRACHAIS AGUS ATHÁRACHAIS

67. **Maidir le KPInna a bhaineann le gníomhaíochtaí frithgheallta, le haghaidh táirgí árachais ilriosca lena gcumhdaítear priacail aeráide freisin, an é an sciar ábhartha den phréimh árachais a bhaineann le priacail aeráide amháin a nochtann gnóthais árachais mar rud atá ailínithe leis an tacsanomaíocht nó an í an phréimh árachais iomlán atá leabaithe i dtáirge árachais níos leithne a nochtar mar rud atá ailínithe leis an tacsanomaíocht? An leor polasaí árachais amháin ar a laghad sa réim ghnó a bheith ag tairiscint cumhdach ar phriacail aeráide chun a thabhairt le tuiscint go bhfuil an réim ghnó uile ailínithe leis an Tacsanomaíocht?**

Léiríonn an KPI a bhaineann le gníomhaíochtaí frithgheallta dá dtagraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh (KPI frithgheallta) leibhéal na bpriacal aeráide arna n-árachú ag gnóthais árachais. Taispeánann an KPI frithgheallta an cion de na gníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil i gcoitinne atá comhdhéanta de fhrithghealladh priacal aeráide, dá dtagraítear sa 'Tuairisc ar an ngníomhaíocht' i Roinn 10.1. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, agus in aithris (10) den Ghníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Ba cheart do ghnóthais árachais úsáid a bhaint as na préimheanna árachais sin, nó as sciartha comhfhreagracha préimheanna árachais i gcás conarthaí árachais ilriosca, nach mbaineann ach le cumhdach priacal aeráide chun ailíniú leis an Tacsanomaíocht a ríomh.

I gcomhréir le pointe 1 de TSC a bhaineann le SC i Roinn 10.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, ba cheart do ghnóthais árachais modheolaíocht iomchuí a úsáid chun méideanna préimheanna a bhaineann le priacail aeráide a chinneadh, amhail an mhodheolaíocht a úsáidtear ina bpróisis phraghsála. I gcás nach bhfuil gnóthais árachais in ann na sonraí a fháil maidir le préimheanna i scríbhinn a bhaineann le priacail aeráide i gcás conradh árachais ar leith, ba cheart dóibh na préimheanna sin a thuairisciú mar phréimheanna neamh-incháilithe agus luach 'nialas' a iontráil agus uimhreoir an KPI á ríomh acu.

68. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais athárachais an cur chuige *pro rata* a mhínítear sa fhreagra ar cheist 67 maidir le gnó conarthach a chur i bhfeidhm, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbainfeadh cuid de na táirgí foluiteacha faoi chumhdach conartha le priacail aeráide?**

Níor cheart do ghnóthais athárachais ach na préimheanna sin, nó sciartha de phréimheanna, a bhaineann le frithghealladh priacal aeráide a nochtadh (féach ceist 67 den Fhógra seo freisin).

69. **Cén chaoi ar cheart do ghnóthais árachais agus athárachais na TSCanna maidir le comhroinnt sonraí a chomhlíonadh ar critéir iad a leagtar amach sna TSCanna a bhaineann le rannchuidiú substaintiúil leis an oiriúnú don athrú aeráide i bpointe (4) de Ranna 10.1. agus 10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid? An gciallaíonn sé sin go bhfuil sonraí maidir le caillteanas le cur ar fáil, agus iad a bheith saor in aisce, d'aon duine a iarrann iad? Cá háit ar cheart an dearbhú rúin a dhéanamh?**

([52]) Dá ndéanfaí amhlaidh, d'fhéadfadh luachanna diúltacha uimhreoir nó ainmneoir an KPI sreabhaidh a bheith mar thoradh air nó fiú i gcóimheas neamhshainithe matamaiticiúil (KPI) i gcás ina mbeadh na neamhchosaintí a ríomhtar san ainmneoir ar an dáta (T) ar cóimhéid le neamhchosaintí san ainmneoir ar an dáta (T-1).

Le pointí 4.2. de na 'Critéir scagtha theicniúla' i Ranna 10.1 agus 10.2. d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid, soláthraítear rogha chúltaca le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais, sa chás nach roinneann na gnóthais sin sonraí maidir le caillteanas le húdaráis phoiblí, dá bhforáiltear i bpointí 4.1. de na 'Critéir scagtha theicniúla' sin. Faoi phointí 4.2., ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais a dhearbhú go bhfuil rún acu sonraí a chur ar fáil, saor in aisce, do thríú páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na coinníollacha faoinar féidir na sonraí sin a chomhroinnt.

Ní mór an dearbhú rúin sin a áireamh ar shuíomhanna gréasáin an ghnóthais árachais nó athárachais lena mbaineann.

Ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais an chomhroinnt sonraí a chur chun feidhme gan dochar do rialacha cosanta sonraí agus rialacha dhlí na hiomaíochta is infheidhme.

70. **Cén chaoi ar cheart na colúin maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) agus maidir le coimircí íosta in Iarscríbhinn X a líonadh isteach?**

Leis na roghanna malartacha 'Tá' nó 'Níl' sna colúin dar teideal 'DNSH' agus 'coimircí íosta' sa teimpléad *'KPI frithgheallta le haghaidh gnóthais árachais agus athárachais neamhshaoil'*, léirítear comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh na gcritéar maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus na gcoimircí íosta dá dtagraítear sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, Airteagal 3, pointe (c), ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais 'Tá' a chur isteach sna colúin DNSH i gcás nach sonraítear na critéir scagtha theicniúla faoi seach, i Ranna 10.1. agus 10.2. faoi seach, den Ghníomh Tarmligthe maidir leis an Aeráid.

71. **Ós rud é nach luaitear aon mhiondealú idir CapEx agus láimhdeachas, cén luach ba cheart do ghnóthais árachais nó athárachais a thuairisciú i línte 4 go 11 den dara teimpléad d'Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh? Ar an gcuma chéanna, cén luach ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní a thuairisciú i línte 4 go 10 den teimpléad in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh?**

Bainisteoirí sócmhainní

I rónna 4 go 10 den teimpléad in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní faisnéis chomhlántach a thuairisciú maidir le miondealú ainmneoir (i.e. miondealú ar iomlán na sócmhainní cumhdaithe) an KPI, nach n-úsáideann siad KPInna láimhdeachais ná CapEx na hinstitiúide infheistiúcháin ina leith.

Níor cheart KPInna maidir le hailíniú Tacsanomaíochta na n-institiúidí infheistiúcháin a úsáid ach amháin chun uimhreoir KPI gnóthas tuairiscithe a bhaineann le hinfheistíochtaí a ríomh, rud a léiríonn cion na neamhchosaintí ar na hinstitiúidí infheistiúcháin sin a mheastar a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Dá bhrí sin, chun miondealú an ainmneora i ró 9 a ríomh maidir le neamhchosaintí ar 'ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht', ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní KPInna comhfhreagracha a ghníomhaíochtaí a gcontrapháirtithe nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht a úsáid. Go sonrach, ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní an miondealú bunaithe ar láimhdeachas agus an miondealú bunaithe ar CapEx a sholáthar trína neamhchosaintí orthu seo a leanas a iolrú ([53]):

— gnóthais neamhairgeadais, de réir na gcionmhaireachtaí (%) láimhdeachais agus CapEx, faoi seach, sa láimhdeachas iomlán agus sa CapEx iomlán arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe sa ró 'Láimhdeachas gníomhaíochtaí neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht' agus sa ró 'CapEx gníomhaíochtaí neamh-incháilithe don Tacsanomaíocht' sna teimpléid chomhfhreagracha a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh;

— bainisteoirí sócmhainní, de réir na gcionmhaireachtaí (%) bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 9 den teimpléad in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ('gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht');

— institiúidí creidmheasa, de réir cionmhaireacht atá bunaithe ar láimhdeachas agus cionmhaireacht bunaithe ar CapEx, faoi seach, arna ríomh le [1 - cionmhaireacht (%) iomlán na sócmhainní cumhdaithe lena maoinítear earnálacha atá ábhartha don tacsanomaíocht (incháilithe don Tacsanomaíocht) ([54])];

— gnólachtaí infheistíochta, de réir meáin ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx ([55]), faoi seach,

([53]) Is faisnéis ó chontrapháirtithe neamhairgeadais amháin a bheidh ar fáil i dtimthriall tuairiscithe 2024.

([54]) arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 32 colún 'aa' de theimpléad '3. Stoc KPI GAR' d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([55]) le hualuithe i gcomhréir le cion an ioncaim ó dhéileáil ar a chuntas féin agus cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin in ioncam iomlán (ioncam) an ghnólachta infheistíochta.

— [1 – ‘Lena n-áirítear sócmhainní faoi chumhdach Thacsanomaíocht an Aontais (%) (incháilithe don Tacsanomaíocht)’ ([56])], agus

— [1 – ‘Lena n-áirítear Ioncam (táillí, coimisiúin agus sochair airgeadaíochta eile) ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí i dtreo earnálacha faoi chumhdach Thacsanomaíocht an Aontais (%) (incháilithe don Tacsanomaíocht)’ ([57])],

— gnóthais árachais nó athárachais, de réir na meán ([58]) ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach:

— cionmhaireachtaí (%) arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 10 (‘gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht’) den dara teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, agus

— cionmhaireacht (%) arna tuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró ‘B. Gníomhaíochtaí frithgheallta árachais agus athárachais neamhshaoil nach bhfuil incháilithe don Tacsanomaíocht’, colún 3 den chéad teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Chun miondealú an ainmneora i ró 10 a ríomh maidir le neamhchosaintí i leith ‘gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht, ach nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht’, ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní úsáid a bhaint as KPInna comhfhreagracha ghníomhaíochtaí a gcontrapháirtithe atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht. Go sonrach, ba cheart do bhainisteoirí sócmhainní miondealú bunaithe ar láimhdeachas agus ar CapEx a sholáthar trína neamhchosaintí ar na nithe seo a leanas a iolrú:

— gnóthais neamhairgeadais, de réir na gcionmhaireachtaí (%) láimhdeachais agus CapEx, faoi seach, sa láimhdeachas iomlán agus sa CapEx iomlán arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe sa ró ‘Láimhdeachas gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (gníomhaíochtaí nach bhfuil ailínithe leis an Tacsanomaíocht) (A.2)’, colún 4, agus sa ró ‘CapEx gníomhaíochtaí atá incháilithe don Tacsanomaíocht ach nach bhfuil inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de (gníomhaíochtaí nach bhfuil ailínithe leis an Tacsanomaíocht) (A.2)’, colún 4, sna teimpléid chomhfhreagracha d’Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh;

— bainisteoirí sócmhainní, de réir na gcionmhaireachtaí bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx (%), faoi seach, arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 10 de theimpléad IV (‘gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht, ach nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht’);

— institiúidí creidmheasa, de réir [cionmhaireacht (%) iomlán na sócmhainní cumhdaithe lena maoinítear earnálacha atá ábhartha don tacsanomaíocht (incháilithe don Tacsanomaíocht) ([59]) *lúide* cionmhaireacht (%) iomlán na sócmhainní cumhdaithe lena maoinítear earnálacha atá ábhartha don tacsanomaíocht (ailínithe leis an Tacsanomaíocht) ([60])], bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach;

— gnólachtaí infheistíochta, de réir meáin ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx ([61]), faoi seach,

— ‘Lena n-áirítear sócmhainní faoi chumhdach Thacsanomaíocht an Aontais (%) (incháilithe don Tacsanomaíocht)’ ([62]) *lúide* ‘Lena n-áirítear atá nasctha le gníomhaíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht AE (%) (ailínithe le Tacsanomaíocht)’ ([63])] agus

([56]) arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘w’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí chun déileáil ar a gcuntas féin’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([57]) arna thuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘w’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí eile’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([58]) le hualuithe i gcomhréir leis an gcion den ioncam a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí infheistíochta agus leis an gcion den ioncam a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil in ioncam iomlán an ghnóthais árachais nó athárachais.

([59]) arna thuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 32 colún ‘aa’ de theimpléad ‘3.Stoc KPI GAR’ d’Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([60]) arna thuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 32 colún ‘ab’ de theimpléad ‘3.Stoc KPI GAR’ d’Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([61]) le hualuithe i gcomhréir le cion an ioncaim ó dhéileáil ar a chuntas féin agus cion an ioncaim ó ghníomhaíochtaí seachas déileáil ar a chuntas féin in ioncam iomlán (ioncam) an ghnólachta infheistíochta.

([62]) arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘w’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí chun déileáil ar a gcuntas féin’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([63]) arna dtuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘x’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí chun déileáil ar a gcuntas féin’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

— ‘Lena n-áirítear Ioncam (táillí, coimisiúin agus sochair airgeadaíochta eile) ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí i dtreo earnálacha faoi chumhdach Thacsanomaíocht AE (%) (incháilithe don Tacsanomaíocht)’ ([64]) *lúide* ‘Lena n-áirítear ó sheirbhísí agus gníomhaíochtaí atá nasctha le gníomhaíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht AE (%) (ailínithe leis an Tacsanomaíocht)’ ([65])];

— gnóthais árachais nó athárachais, de réir na meán ([66]) ualaithe bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach:

— cionmhaireacht (%) arna tuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 11 (‘Gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don Tacsanomaíocht, ach nach bhfuil ailínithe leis an Tacsanomaíocht’) den dara teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, agus

— cionmhaireacht (%) arna tuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró ‘A2. Gníomhaíochtaí frithgheallta árachais agus athárachais neamhshaoil nach bhfuil incháilithe don Tacsanomaíocht’, colún 3 den chéad teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Gnóthais árachais agus athárachais

Ba cheart do ghnóthais árachais nó athárachais faisnéis chomhlántach a thuairisciú i rónna 4 go 11 den dara teimpléad d’Iarscríbhinn X maidir le miondealú ainmneoir (i.e. miondealú ar iomlán na sócmhainní cumhdaithe) an KPI, nach n-úsáideann siad KPInna láimhdeachais ná KPInna CapEx na hinstitiúide infheistiúcháin ina leith.

Níor cheart KPInna maidir le hailíniú Tacsanomaíochta na n-institiúidí infheistiúcháin a úsáid ach amháin chun uimhreoir KPI gnóthas tuairiscithe a bhaineann le hinfheistíochtaí a ríomh, rud a léiríonn cion na neamhchosaintí ar na hinstitiúidí infheistiúcháin sin a mheastar a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht.

Dá bhrí sin, chun miondealú an ainmneora a ríomh i ró 10 den dara teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a bhaineann le neamhchosaintí ar ‘ghníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht’, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais úsáid a bhaint as na KPInna comhfhreagracha, bunaithe ar láimhdeachas agus CapEx, faoi seach, de ghníomhaíochtaí a gcontrapháirtithe nach bhfuil incháilithe don tacsanomaíocht, ar an mbealach céanna is a dhéantar i gcás bainisteoirí sócmhainní mar a thuairiscítear thuas.

Chun miondealú an ainmneora i ró 11 den dara teimpléad d’Iarscríbhinn X a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh a ríomh a bhaineann le neamhchosaintí ‘gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá incháilithe don tacsanomaíocht, ach nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht’, ba cheart do ghnóthais árachais agus athárachais úsáid a bhaint as KPInna comhfhreagracha bunaithe ar láimhdeachas agus bunaithe ar CapEx, faoi seach, ghníomhaíochtaí a gcontrapháirtithe atá incháilithe don tacsanomaíocht ach nach bhfuil ailínithe leis an tacsanomaíocht, ar an mbealach céanna is a dhéantar i gcás bainisteoirí sócmhainní mar a thuairiscítear thuas.

([64]) arna thuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘w’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí eile’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([65]) arna thuairisciú ag a gcontrapháirtithe i ró 1 colún ‘x’ den teimpléad ‘KPI IF - Seirbhísí eile’ d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([66]) le hualuithe i gcomhréir le cionmhaireacht an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí infheistíochta agus le cionmhaireacht an ioncaim a dhíorthaíonn an gnóthas árachais nó athárachais óna ghníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil in ioncam iomlán an ghnóthais árachais nó athárachais.

Foscríbhinn I

Tuairisciú deonach KPInna ag eintitis nach gnóthais airgeadais iad, ach a sholáthraíonn cineálacha áirithe seirbhísí airgeadais

Taisclanna lárnacha urrús

Údaraítear taisclanna lárnacha urrús (CSDanna) faoi Airteagal 16 den CSDR agus féadfaidh siad na seirbhísí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le CSDR a dhéanamh mar a léirítear sa tábla thíos. Chun seirbhísí coimhdeacha baincéireachta a chur i gcrích, ceanglaítear ar thaisclanna lárnacha urrús údarú breise a fháil chun na seirbhísí sin a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 54 CSDR. Moltar do thaisclanna lárnacha urrús a údaraítear chun seirbhísí coimhdeacha baincéireachta a sholáthar na KPInna is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm. Féadfaidh taisclanna lárnacha urrús nach n-údaraítear chun seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a sholáthar na KPInna le haghaidh institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm freisin ós rud é go soláthraíonn siad seirbhísí atá comhchosúil ó thaobh feidhme de (i.e. socraíocht). Leagtar amach sa tábla seo a leanas cé na KPInna a bhfuil feidhm acu maidir le hinstitiúidí creidmheasa a d'fhéadfadh taisclanna lárnacha urrús a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach.

Seirbhísí CSD	KPI le cur i bhfeidhm (*)
ROINN A: Seirbhísí lárnacha de chuid taisclann lárnach urrús	
1. Taifeadadh tosaigh a dhéanamh ar urrúis i gcóras cuntais reatha ('seirbhís nótaire'); 2. Cuntais urrús a sholáthar agus a chothabháil ar an leibhéal is airde ('seirbhís lárnach cothabhála'); 3. Córas socraíochta urrús a oibriú ('seirbhís socraíochta').	— KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C)
ROINN B Seirbhísí coimhdeacha nach seirbhísí baincéireachta iad de chuid CSDanna nach mbaineann rioscaí creidmheasa nó leachtachta leo Seirbhísí arna soláthar ag CSDanna lena gcuirtear feabhas ar shábháilteacht, éifeachtúlacht agus thrédhearcacht na margaí urrús, a bhféadfaí na seirbhísí seo leanas a áireamh orthu ach gan bheith teoranta dóibh:	
1. Seirbhísí a bhaineann leis an tseirbhís socraíochta, amhail: (a) Sásra iasachtaithe urrús a eagrú, mar ghníomhaire i measc rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús; (b) Seirbhísí bainistithe comhthaobhachta a sholáthar, mar ghníomhaire do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús; (c) Meaitseáil socraíochtaí, ródú treoracha, dearbhú trádála, fíorú trádála. 2. Seirbhísí a bhaineann le seirbhísí nótaire agus seirbhísí lárnacha cothabhála, amhail: (a) Seirbhísí a bhaineann le cláir scairshealbhóirí; (b) Tacú le gníomhaíochtaí corparáideacha a phróiseáil, lena n-áirítear cáin, cruinnithe ginearálta agus seirbhísí faisnéise; (c) Seirbhísí eisiúna nua, lena n-áirítear cóid ISIN agus cóid chosúla a leithdháileadh agus a bhainistiú; (d) Ródú agus próiseáil treoracha, bailiú agus próiseáil táillí agus tuairisciú gaolmhar. 3. Naisc le CSDanna a bhunú, cuntais urrús i ndáil leis an tseirbhís socraíochta a sholáthar, a chothabháil nó a oibriú, bainistiú comhthaobhachta, seirbhísí coimhdeacha eile.	— KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C)

4. Aon seirbhís eile, amhail: (a) Seirbhísí ginearálta chun bainistiú comhthaobhachta a sholáthar mar ghníomhaire; (b) Tuairisciú rialála a sholáthar; (c) Faisnéis, sonraí agus staidreamh a chur ar fáil do bhiúrónna margaidh/daonáirimh nó d'eintitis rialtais nó idir-rialtasacha eile; (d) Seirbhísí TF a sholáthar.	

ROINN C

Seirbhísí coimhdeacha baincéireachta

Seirbhísí de chineál baincéireachta a bhaineann go díreach le seirbhísí lárnacha nó coimhdeacha a liostaítear i Ranna A agus B, amhail:

(a) Cuntais airgid a sholáthar do rannpháirtithe i gcóras socraíochta urrús agus do shealbhóirí cuntas urrús, agus taiscí a ghlacadh uathu, de réir bhrí phointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE; (b) Creidmheas airgid a sholáthar le haghaidh aisíocaíochta tráth nach déanaí ná an lá gnó dár gcionn, airgead a thabhairt ar iasacht chun gníomhaíochtaí corparáideacha a réamh-chistiú agus urrúis a thabhairt ar iasacht do shealbhóirí chuntas urrús, de réir bhrí phointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE; (c) Seirbhísí íocaíochta a bhaineann le hidirbhearta airgid agus malairtí eachtracha a phróiseáil de réir bhrí phointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE; (d) Ráthaíochtaí agus gealltanais a bhaineann le hurrúis a iasachtú agus a fháil ar iasacht, de réir bhrí phointe 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE; (e) Gníomhaíochtaí cistíochta a bhaineann le malairtí eachtracha agus urrúis inaistrithe a bhaineann le comharduithe fada na rannpháirtithe a bhainistiú de réir bhrí phointí 7(b) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE	— KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — GAR (Iasachtaí & airleacain) — KPInna ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C) — GAR le haghaidh neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe (KPI FinGuaR) — GAR le haghaidh neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe (KPI AuM) — GAR le haghaidh punann trádála

(*) Nótaí faoin modheolaíocht:
— Le haghaidh KPI F&C, iolraigh an táille le KPI an chontrapháirtí a fhaigheann an tseirbhís

Contrapháirtithe lárnacha

I gcomhréir le hAirteagal 14(3) EMIR, is chun gníomhaíochtaí atá nasctha le himréiteach a chur i gcrích a údaraítear contrapháirtithe lárnacha (CPLanna), agus chuige sin amháin. Ní chuireann údarú CPL cosc ar na Ballstáit ceanglais bhreise a ghlacadh nó leanúint de cheanglais bhreise a chur i bhfeidhm maidir le CPLanna atá bunaithe ina gcríoch, lena n-áirítear ceanglais áirithe maidir le húdarú faoi CRD (Airteagal 14(5) EMIR). Is féidir le contrapháirtithe lárnacha ionstraimí airgeadais MiFID (urrúis inaistrithe (fiachas/cothromas), ionstraimí margaidh airgid, aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta, díorthaigh, lamháltais astaíochtaí) nó ionstraimí airgeadais neamh-MiFID (athcheannach/iasachtú urrús/ spotchonarthaí/cripteashócmhainní seachas díorthaigh) a imréiteach.

D'fhéadfadh contrapháirtithe lárnacha KPInna a chur i bhfeidhm le haghaidh institiúidí creidmheasa toisc go soláthraíonn siad seirbhísí atá cosúil leo siúd a sholáthraíonn institiúidí creidmheasa (i.e. idirbhearta a imréiteach agus a shocrú). Ba é an KPI ab infheidhme le haghaidh seirbhísí imréitigh agus socraíochta an KPI ar sheirbhísí seachas iasachtú – Táillí agus Coimisiúin (KPI F&C). D'fhéadfadh CPLanna an táille a fuarthas as a seirbhísí a iolrú le KPI an chontrapháirtí a fhaigheann an tseirbhís i gcomhréir le Roinn 1.2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Cuideachtaí léasaithe

Is féidir le hinstitiúidí creidmheasa maoiniú a sholáthar i bhfoirm léasú airgeadais ([1]) faoina gceadúnas baincéireachta, dá dtagraítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le CRD. Ba cheart neamhchosaintí léasaithe airgeadais ag institiúidí creidmheasa a mheasúnú ina KPI GAR L&A i gcomhréir le Roinn 1.2.1.1(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

Moltar d'institiúidí neamhchreidmheasa a sholáthraíonn maoiniú i bhfoirm léasú airgeadais na KPInna le haghaidh institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm, go háirithe GAR ar iasachtaí gluaisteán miondíola dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.3.(ii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh nó GAR L&A dá dtagraítear i Roinn 1.2.1.1.(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh, de réir mar is iomchuí, toisc go bhfuil a ngníomhaíochtaí maoinithe cosúil ó thaobh feidhme de le gníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn maoiniú i bhfoirm léasú airgeadais.

Institiúidí neamhchreidmheasa a sholáthraíonn gníomhaíochtaí léasaithe gearrthéarmacha (oibríochtúla) (e.g. trealamh tionsclaíoch a léasú ar tháille), ba cheart dóibh na KPInna le haghaidh gnóthais neamhairgeadais a chur i bhfeidhm toisc nach gníomhaíochtaí maoiniúcháin iad gníomhaíochtaí léasaithe den sórt sin.

Institiúidí íocaíochta/institiúidí ríomh-airgid

Ceanglaítear leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh ar institiúidí creidmheasa nochtadh a dhéanamh ar a mhéid a bhaineann an t-ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin atá nasctha lena seirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta, le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht de chuid gnóthas i ndáil leis an KPI ar sheirbhísí seachas iasachtú – KPI Táillí agus Coimisiún (KPI F&C).

Institiúidí íocaíochta/institiúidí ríomh-airgid a sholáthraíonn seirbhísí íocaíochta faoi Threoir (AE) 2015/2366 ([2]) nó faoi Threoir 2009/110/CE ([3]), faoi seach, agus nach institiúidí creidmheasa iad, spreagtar iad chun KPI F &C a chur i bhfeidhm freisin toisc go soláthraíonn siad gníomhaíochtaí atá comhchosúil go feidhmiúil leo siúd arna soláthar ag institiúidí creidmheasa (seirbhísí íocaíochta).

Soláthraithe áirithe pinsin

Ba cheart do ghnóthais airgeadais infheistíochtaí arna ndéanamh i gcomhthéacs táirgí pinsin uile-Eorpacha (TPPUnna) a sholáthar, faoi Rialachán (AE) 2019/1238 ([4]), a áireamh ina KPInna faoi seach, mar a leanas:

— Institiúidí creidmheasa: GAR AuM;

— Bainisteoirí sócmhainní: GAR ar infheistíochtaí;

— Gnólachtaí infheistíochta: GAR ar infheistíocht (déileáil ar a chuntas féin);

— Gnóthais árachais: GAR ar infheistíochtaí.

De réir Threoir (AE) 2016/2341 ([5]), maidir le hinstitiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) atá faoi réir tuairisciú inbhuanaitheachta i gcomhréir le hAirteagail 19a nó 29a den Treoir Chuntasaíochta, ba cheart dóibh forálacha an Ghnímh Tharmligthe maidir le Nochtadh is infheidhme maidir le gnóthais árachais a chur i bhfeidhm, go háirithe an KPI a bhaineann le hinfheistíochtaí dá dtagraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh.

([1]) Go díreach nó trí ESC, agus sa chás sin ba cheart cur chuige na trédhearcachta a chur i bhfeidhm.

([2]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

([3]) Treoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí ríomh-airgid agus an gnó sin a shaothrú agus maoirseacht stuamachta a dhéanamh air, lena leasaítear Treoracha 2005/60/CE agus 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/46/CE (IO L 267, 10.10.2009, lch. 7).

([4]) Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

([5]) Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) agus maoirseacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

Foscríbhinn II

Samplaí de ríomh mheán ualaithe KPInna ar ghníomhaíochtaí grúpaí ar gníomhaíochtaí iad atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht

Ilchuideachta airgeadais

			KPI de réir Deighleog gnólachta			
	Ioncam	Cion d'ioncam iomlán an ghrúpa (A)	KPI bunaithe ar láimhdeachas (B)	KPI bunaithe ar CapEx (C)	KPI bunaithe ar láimhdeachas ualaithe (A*B)	KPI bunaithe ar CapEx ualaithe (A*C)
Bainistiú sócmhainní	10	10 %	20 %	30 %	2,0 %	3,0 %
Gníomhaíochtaí baincéireachta	30	30 %	30 %	35 %	9,0 %	10,5 %
Gnólachtaí infheistíochta	40	40 %	13 %	25 %	5,0 %	10,0 %
Gnóthais árachais	20	20 %	33 %	42 %	6,7 %	8,3 %
Iomlán	100	100 %				
Meán-KPI					**22,7 %**	**31,8 %**

Grúpa measctha

			KPI de réir Deighleog gnólachta			
	Ioncam	Cion d'ioncam iomlán an ghrúpa (A)	KPI bunaithe ar láimhd-eachas (B)	KPI bunaithe ar CapEx (C)	KPI bunaithe ar láimhdeachas ualaithe (A*B)	KPI bunaithe ar CapEx ualaithe (A*C)
A. **gníomhaíochtaí airgeadais**	100	50 %				
Bainistiú sócmhainní	10	5 %	20 %	30 %	1,0 %	1,5 %
Gníomhaíochtaí baincéireachta	30	15 %	30 %	35 %	4,5 %	5,3 %
Gnólachtaí infheistíochta	40	20 %	13 %	25 %	2,5 %	5 %
Gnóthais árachais	20	10 %	33 %	42 %	3,3 %	4,2 %
			KPI láimh-deachais (B)	KPI CapEx (C)	KPI láimhdeach-ais ualaithe (A*B)	KPI CapEx ualaithe (A*C)
B. **Gníomhaíochtaí neamhairgeadais**	100	50 %	10 %	20 %	5 %	10 %
Ioncam iomlán an ghrúpa	200	100 %				
					Meán-KPI bunaithe ar láimhd-eachas	Meán-KPI bunaithe ar CapEx
Meán-KPI an ghrúpa					**16,3 %**	**25,9 %**